Roinn Cumarsáide,
Fuinnimh & Acmhainní Nádúrtha
Department of Communications,
Energy & Natural Resources



# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2014

Is féidir leagan Gaeilge agus leagan Béarla den Tuarascáil Bhliantúil a íoslódáil ó
www.dcenr.gov.ie

# Ráiteas Misin na Roinne

Forbairt bonneagair agus margaí cumarsáide agus fuinnimh, a thacaíonn le forbairt eacnamaíochta inbhuanaithe, a chur chun cinn, forbairt na n-earnálacha craoltóireachta poiblí agus príobháideacha a chur chun cinn, leas a bhaint as ár n-acmhainní nádúrtha ar bhealach táirgiúil agus ar bhealach a bheidh freagrach ó thaobh an chomhshaoil de, agus oibriú mar Roinn ar an mbealach is táirgiúla.

# An Clár Ábhar

**Réamhrá an Aire** ........ **4**

**Ráiteas an Ard-Rúnaí** ........ **6**

**Príomh-Aschuir na Roinne sa bhliain 2014** ........ **7**

Sprioc Ardleibhéil – Cumarsáid ........ 11

Sprioc Ardleibhéil – Craolachán/Cúrsaí Poist ........ 17

Sprioc Ardleibhéil – Fuinneamh ........ 21

Sprioc Ardleibhéil – Acmhainní Nádúrtha ........ 27

Sprioc Ardleibhéil – Gnóthaí Corparáideacha agus Airgeadais ........ 33

**Aguisín A: Struchtúr na Roinne ag deireadh na bliana 2014** ........ **37**

**Aguisín B: Vóta 29 – Meastacháin agus Caiteachas 2014** ........ **38**

**Aguisín C: Reachtaíocht** ........ **41**

**Aguisín D: Údaruithe Peitriliam a deonaíodh** ........ **44**

**Aguisín E: Comhlachtaí faoi Choimirce na Roinne** ........ **46**

**Aguisín F: Comhlachtaí Stát-tionscanta Tráchtála** ........ **50**

**Aguisín G: Innéacs na nAcrainmneacha** ........ **51**

## Réamhrá an Aire

Cuirim fáilte roimh fhoilsiú na tuarascála seo ina leagtar amach gníomhaíochtaí agus éachtaí mo Roinne in 2014 maidir leis na spriocanna ardleibhéil atá i Ráiteas Straitéise na Roinne don tréimhse ó 2011 go 2014 a bhaint amach agus maidir leis na gealltanais ábhartha atá sa Chlár Rialtais agus i Ráiteas Tosaíochtaí na Rialtais a chomhlíonadh.

Ba mhór an phribhléid dom mo cheapachán mar Aire i mí Iúil 2014 go Roinn atá mar cheann feadhna i raon earnálacha geilleagracha agus sóisialta.

Rinne an earnáil phríobháideach dul chun cinn suntasach in 2014 chun seirbhísí leathanbhanda ardluais a thabhairt go bailte agus go sráidbhailte ar fud na hÉireann. Sonraíodh go bhfaigheadh 1 mhilliún áitreabh deis rochtana faoi dheireadh 2015 i bhfeidhmiú céimneach dírithe bunaidh na hearnála príobháidí faoin bPlean Náisiúnta Leathanbhanda agus sárófar é sin, toisc go bhfuil 1.2 milliún áitreabh i gceist cheana féin agus go mbeidh deis rochtana ag 1.6 milliún faoi dheireadh 2016.

Rinneadh dul chun cinn mór ar an idirghabháil faoi threoir an Stáit anuraidh freisin, agus foilsíodh Léarscáil Clúdach Ardluais náisiúnta le haghaidh comhairliúchán poiblí i mí na Samhna. Mar thoradh ar an dul chun cinn a rinneadh in 2014, cuirfidh an Roinn straitéis chuimsitheach idirghabhála faoi bhráid an Rialtais i lár na bliana 2015.

Tá nasc leathanbhanda ardluais ag gach iar-bhunscoil anois toisc gur cuireadh feidhmiú céimneach náisiúnta an tionscadail Leathanbhanda do Scoileanna 100Mbps i gcrích. Nascadh beagnach 800 iar-bhunscoil agus Ionad Oideachais san iomlán le seirbhísí leathanbhanda ardluais faoin tionscadal seo.

Seoladh Scéim na nDearbhán Trádála Ar Líne go náisiúnta i mí Iúil 2014 agus é d'aidhm aici 2,000 fiontar beag agus micreaghnóthas a chur ag trádáil ar líne faoi dheireadh 2015, chomh maith le gníomh a spreagadh ó fhiontair bheaga agus mheánmhéide eile. Bronnadh dearbháin ar 550 gnólacht beag chun infheistiú i bhforbairt a gcumais trádála ar líne faoi dheireadh 2014. Tá na torthaí, i dtéarmaí fás gnó agus cruthú féideartha poist, le feiceáil cheana féin.

Foilsíodh Páipéar Uaine ar Bheartas Fuinnimh in Éirinn i mí na Bealtaine 2014. Fuarthas os cionn 1,200 aighneacht, a léirigh an tsuim mhór atá ag páirtithe leasmhara i bhforbairt an bheartais nua. Foilseofar Páipéar Bán ar Bheartas Fuinnimh níos deireanaí in 2015. Cuireadh Díolachán chumas ginte neamhstraitéiseach BSL faoi Chlár Diúscartha na Sócmhainní Stáit i gcrích a chruthaigh cistí suntasach, i dteannta dhíolachán Bhord Gáis Energy, don Stát le hathinfheistiú i gcláir chaipitil phoiblí ríthábhachtacha.

I réimse an fhuinnimh inbhuanaithe, bhain os cionn 22,000 teach tairbhe as uasghráduithe éifeachtúlacht fuinnimh agus suiteáladh 273 MW de chumas leictreachais in-athnuaite i rith na bliana. Cuireadh an Plean Forbartha d'Fhuinneamh In-Athnuaite Amach ón gCósta (OREDP) i gcrích i

mí Feabhra 2014 ina gcuirtear creat ar fáil le haghaidh forbairt inbhuanaithe fuinnimh in-athnuaite amach ó chósta na hÉireann. Foilsíodh Dréachtphlean Bithfhuinnimh i mí Dheireadh Fómhair 2014 ina sainaithnítear an deis, ar leibhéal náisiúnta, le haghaidh fhorbairt inbhuanaithe acmhainní bithmhaise na hÉireann.

Cuireadh tús le hathbhreithniú ar an líonra oifigí poist in 2014 agus i mí na Nollag fógraíodh Grúpa Forbartha Gnó an Líonra Oifigí Poist. D'fhaomh an Rialtas dearadh an Chórais Postchód Náisiúnta agus an bhranda Eircode i mí Aibreáin 2014.

I mí an Mheithimh d'fhógair an Rialtas athbhreithniú ar théarmaí fioscacha ola agus gáis na hÉireann chun an t-uasteacht isteach cánach a mhéadú go 55% agus tugadh isteach íosleibhéal cánach do gach ceantar a théann i mbun táirgeadh. Ba é seo oscailt fhoirmiúil bhabhta ceadúnúcháin 2015 an Atlantaigh in Éirinn freisin, a lean ar aghaidh ag cur roghanna ceadúnaithe ar fáil agus a thug isteach athruithe nuálacha i dtéarmaí na gceantar taiscéalaíochta difriúil.

Ba í Éire an táirgeoir Since is mó san Eoraip arís; bhí luach €417 milliún ar an aschur mianadóireachta (luaidhe agus sinc go príomha) agus reáchtáladh clár gníomhach taiscéalaíochta ina bhfuil os cionn 600 ceadúnas taiscéalaíochta. Rinne Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann léarscáiliú ar os cionn 3,000km$^2$ faoin Tionscadal Náisiúnta um Léarscáiliú Ghrinneall na Farraige (INFOMAR) agus lean sí ar aghaidh ag leathnú chlár geoifisiceach agus samplála geoiceimicí ithreach Tellus.

Lean Iascach Intíre Éireann ar aghaidh ag tacú le táirgí turasóireachta agus earnáil slatiascaireachta na hÉireann, ar fiú na milliúin euro iad, thar 77,000km d'aibhneacha agus de shrutháin agus 240,000km$^2$ de lochanna intíre.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann na Roinne as a dtiomantas agus a n-iarrachtaí i rith 2014, bliain ina ndearnadh dul chun cinn den scoth i ngach réimse de shainchúram na Roinne.

Leanfaidh mé ar aghaidh ag obair le mo chomhghleacaí an tAire Stáit Joe McHugh T.D. chun gealltanais an Rialtais a sheachadadh agus chun an téarnamh geilleagrach reatha a fhás agus a fhorbairt.

**Alex White, T.D.**

**An tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha**

Roinn Cumarsáide, Fuinnimh & Acmhainní Nádúrtha
Department of Communications, Energy & Natural Resources

# Ráiteas an Ard-Rúnaí

Is í an Tuarascáil Bhliantúil seo an tuarascáil bhliantúil dheireanach faoi Ráiteas Straitéise na Roinne don tréimhse 2011-2014 agus sonraítear inti an dul chun cinn maith a rinneadh i ngach earnáil as a bhfuil an Roinn freagrach. Tugtar achoimre sa tuarascáil ar na príomh-aschuir in 2014, chomh maith le buaiceanna na gclár faoi gach sprioc ardleibhéil sa Ráiteas Straitéise a chuireann le seachadadh foriomlán na bpríomhghealltanas sa Chlár Rialtais agus i Ráiteas Tosaíochtaí na Rialtais.

D'fhaomh an Rialtas Ráiteas Straitéise nua don Roinn a chuimseoidh an tréimhse 2015-2017 i mí Feabhra.

Chuir an Roinn athbhreithniú acmhainne i gcrích in 2014 inar breathnaíodh ar an gcaoi a bhfuilimid i mbun gnó agus ar na hacmhainní atá againn chun tabhairt faoinár ngnó. Tugadh faoin athbhreithniú le comhar na foirne agus táimid ag cur plean gníomhaíochta i bhfeidhm anois bunaithe ar an athbhreithniú. Leagtar amach na hathruithe atá á dtabhairt isteach sa Roinn laistigh den chlár oibre athruithe forleathan le haghaidh na Státseirbhíse ar tugadh breac-chuntas air sa Phlean Athnuachana don Státseirbhís a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2014.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl as an gcaidreamh oibre den scoth le comhlachtaí Stáit agus gníomhaireachtaí na Roinne, a bhfuil ról mór acu i seachadadh réimsí tábhachtacha straitéiseacha agus beartais.

Tá mé ag tnúth le bheith ag obair lenár bhfoireann, lenár gcuid gníomhaireachtaí agus lenár gcuid páirtithe leasmhara le linn na príomhthosaíochtaí inár Ráiteas Straitéise nua a chur chun cinn.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl as an tacaíocht leanúnach a fhaigheann an Roinn ón Aire Alex White, T.D. agus ón Aire Stáit Joe McHugh, T.D.

**Mark Griffin**
**An tArd-Rúnaí**

# Príomh-Aschuir na Roinne sa bhliain 2014

## Cumarsáid

- Léiríodh méadú 0.2% ar an líon úsáideoirí sa mhargadh leathanbhanda in 2013 agus, faoi dheireadh na bliana, bhí 1.7 milliún suibscríobhaí ann. Bhí líon na n-úsáideoirí leathanbhanda tí in Éirinn (fosaithe agus soghluaiste), ag 80%, níos airde ná meán an AE28 faoi dheireadh 2014.Lean soláthraithe teileachumarsáide tráchtála ar aghaidh ag infheistiú i seirbhísí na Chéad Ghlúine eile de Rochtain (NGA) agus caitheadh €2.5 billiún ar sheirbhísí agus líonraí teileachumarsáide a nua-aoisiú i líon mór ceantair uirbeacha den chuid is mó. Mar thoradh air sin, beidh fáil ag 1.6 milliún áitreabh ar sheirbhísí tráchtála NGA faoi dheireadh 2016.
- Leanann an Roinn ar aghaidh ag cur obair ar Phlean Náisiúnta Leathanbhanda an Rialtais chun cinn. Áireofar leis seo idirghabháil a mhaoineoidh an Stát chun a chinntiú go mbeidh ceantair sa tír nach mbainfidh tairbhe as an infheistíocht tráchtála thuasluaite in ann rochtain a fháil freisin ar sheirbhís leathanbhanda ardluais, nua-aimseartha agus iontaofa. Foilsíodh Léarscáil Clúdach Ardluais náisiúnta le haghaidh comhairliúchán poiblí i mí na Samhna 2014. Tá an Roinn ag forbairt straitéis chuimsitheach idirghabhála a chuirfear faoi bhráid an Rialtais i lár 2015. Tabharfar faoi thréimhse comhairliúcháin phoiblí ina dhiaidh sin sula gcuirfear tús le céim soláthair fhoirmiúil níos deireanaí in 2015 do thairgeoir nó do thairgeoirí leis an líonra nua a thógáil agus a rith.
- Thug an Roinn faoi athbhreithniú ar an mBeartas Náisiúnta Speictrim freisin (a bhí mar thiomantas sa Phlean Náisiúnta Leathanbhanda 2012). Foilseofar an Straitéis nua faoi lár 2015.
- Tá nasc leathanbhanda ardluais ag gach iar-bhunscoil anois toisc gur cuireadh feidhmiú céimneach náisiúnta an tionscadail Leathanbhanda do Scoileanna 100Mbps i gcrích in 2014. Nascadh 779 iar-bhunscoil, chomh maith le 20 Ionad Oideachais, le seirbhísí leathanbhanda ardluais.
- Seoladh Scéim na nDearbhán Trádála Ar Líne go náisiúnta i mí Iúil 2014 agus é d'aidhm aici 2,000 fiontar beag agus micreaghnóthas a chur ag trádáil ar líne faoi dheireadh 2015, chomh maith le gníomh a spreagadh ó fhiontair bheaga agus mheánmhéide eile. Bronnadh dearbháin ar 550 gnólacht beag chun infheistiú i bhforbairt a gcumais trádála ar líne faoi dheireadh 2014.
- Leathnaíodh Clár TairFe agus anois tá 30 clár nua breise ag cur oiliúint i scileanna digiteacha ar fáil do shaoránaigh i mbreis agus 700 láthair ar fud na tíre. Faoi dheireadh 2014, cuireadh 114,000 áit oiliúna ar fáil faoin gClár.
- D'fhorbair an Lárionad Náisiúnta Taighde Dhigitigh 22 tionscadal luasaire dhigitigh LaunchPad go céim thionscanta agus bhí naoi dtionscadal eolaíochtbhunaithe VentureLabs á bhforbairt in 2014. Chuir an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach spás oifige agus tacaí fiontair ar fáil do 89 cuideachta dhigiteach (a léiríonn ráta áitíochta 90%), a d'fhostaigh 980 duine.

- D'eisigh Aonad Cibearshlándála na Roinne, an Fhoireann Freagartha ar Eachtraí Slándáil Ríomhaire, treoracha comhairleacha slándála do Ranna Rialtais agus do Ghníomhaireachtaí Tábhachtacha maidir le heachtraí cibearshlándála.
- Rinneadh dlí as an Acht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí 2014 lena mbunaítear próiseas rialála nua do chumaisc meán a thugann cumhachtaí agus freagrachtaí nua don Roinn agus don Aire.
- Foilsíodh dréacht de na Treoirlínte ar Chumaisc Meán agus Foirm Fógra le haghaidh comhairliúchán poiblí.
- D'fhoilsigh an Grúpa Comhairleach um Rialú Ábhair Idirlín a thuarascáil i mí na Bealtaine 2014 ina raibh moltaí tábhachtacha maidir le sábháilteacht ar líne a fheabhsú.

## Craolachán/Cúrsaí Poist

- Rinneadh suim iomlán €178.828 milliún a ranníoc le RTÉ, trí fháltais ó tháillí ceadúnas teilifíse, chun aschuir i dtaca le cláir de a mhaoiniú.
- Rinneadh suim iomlán €23.505 milliún de mhaoiniúchán státchiste agus €9.245 milliún de mhaoiniúchán ó tháillí ceadúnas teilifíse a sholáthar do TG4 chun gealltanais i ndáil le cláir a chomhlíonadh, lena n-airítear 4.99 uair an chloig de chláir Ghaeilge a sholáthar gach lá.
- Rinneadh deontais €14.156 milliún a sholáthar don Chiste Craolacháin ó mhaoiniúchán ó tháillí ceadúnas teilifíse agus úsáideadh iad chun tacú le thart ar 270 tionscadal in earnáil na meán amhairc agus na meán closamhairc.
- Fuarthas faomhadh an Rialtais chun reachtaíocht a thabhairt isteach chun foráil a dhéanamh do rochtain Ghníomhaire Bailithe Ceadúnas Teilifíse an Aire (an Post faoi láthair) ar shonraí síntiús atá ag soláthraithe seirbhíse teilifíse chun cabhrú le himghabháil ceadúnas teilifíse a laghdú.
- Tionóladh imeacht comhairliúcháin phoiblí faoi imeachtaí spóirt agus cultúir a bheadh oiriúnach le liostáil mar imeachtaí a bhfuil tábhacht mhór leo le haghaidh 'saorchraoladh' sa dara leath de 2014.
- Ainmníodh seirbhís teilifíse UTV Ireland mar sheirbhís a bhfuil cuma seirbhíse poiblí uirthi, agus dá bhrí sin bhí sé in ann cur isteach ar bheith ina bhealach ar sheirbhís DTT SAORVIEW. Chuir UTV tús le craoladh i mí Eanáir 2015.
- Lean an Roinn ar aghaidh ag obair leis an bPost in 2014 chun a chinntiú go raibh rialachas corparáideach éifeachtach i bhfeidhm go háirithe i bhfianaise na ndúshlán geilleagrach atá os comhair na cuideachta chomh maith le dúshláin a bhaineann go sonrach leis an earnáil phoist.
- Cuireadh tús le hathbhreithniú ar an líonra oifigí poist in 2014 agus i mí na Nollag fógraíodh bunú Ghrúpa Forbartha Gnó an Líonra Oifigí Poist, faoi Chathaoirleach neamhspleách.
- D'fhaomh an Rialtas dearadh an Chórais Postchód Náisiúnta agus an bhranda Eircode i mí Aibreáin 2014. Cuireadh tús leis an bhfeachtas feasachta poiblí le seoladh an tsuímh gréasáin www.eircode.ie.

## Fuinneamh

- Foilsíodh Páipéar Uaine ar Bheartas Fuinnimh in Éirinn i mí na Bealtaine 2014 a chuir tús leis an gcéad athbhreithniú mór ar Bheartas Fuinnimh in Éirinn ó foilsíodh an Páipéar Bán deireanach ar Fhuinneamh, 'Ag Seachadadh Todhchaí Fuinnimh Inbhuanaithe d'Éirinn', in 2007. Fuarthas 1,240 aighneacht mar chuid den phróiseas comhairliúcháin ar an bPáipéar Glas. Foilseofar Páipéar Bán ar Bheartas Fuinnimh níos deireanaí in 2015.
- Rinneadh uasghrádú ar 9,056 teach faoin gclár 'Fuinneamh Níos Fearr – Tithe Níos Teo' a chosain beagnach €20.7 milliún.
- Críochnaíodh 42 tionscadal faoin gClár Ceantarbhunaithe 'Fuinneamh Níos Fearr' agus rinneadh uasghrádú fuinnimh ar 3,209 teach ar chostas beagán le cois €9 milliún.
- Fuair 9,927 teach cúnamh deontais faoin scéim 'Tithe Fuinnimh Níos Fearr' a chosain €9.9 milliún.
- Cuireadh 58 tionscadal i gcrích go hiomlán faoi dheireadh na bliana faoin scéim 'Pobail Fuinnimh Níos Fearr' a chosain €14.6 milliún.
- Seoladh an Ciste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh, ar fiú €35 milliún é, le hinstealladh caipitil €17.2 milliún ó Rialtas na hÉireann agus maoiniú príobháideach €17.8 milliún.
- Suiteáladh 273 MW de chumas leictreachas in-athnuaite i rith na bliana. Cuireadh 167 milliún lítear de bhithbhreoslaí inbhuanaithe ar mhargadh breosla an iompair bóthair agus tugadh cúnamh deontais do 257 feithicil leictreach nua in 2014.
- Cuireadh díolachán chumas ginte neamhstraitéiseach BSL faoi Chlár Diúscartha na Sócmhainní Stáit i gcrích in 2014, agus d'íoc an chuideachta an íocaíocht dheireanach i mí Eanáir 2015 den €400 milliún a bhí fágtha i ndíbhinní speisialta a lorgaíodh faoin gClár.
- I mí an Mheithimh 2014, i ndiaidh próiseas fairsing díolacháin, cuireadh díolachán ghnó fuinnimh Ervia (Bord Gáis Éireann roimhe seo), Bord Gáis Energy, i gcrích ar luach iomlán fiontair, fiacha san áireamh, de €1.1 billiún.
- Seoladh an Plean Forbartha d'Fhuinneamh In-Athnuaite Amach ón gCósta (OREDP) i mí Feabhra 2014 ina gcuirtear creat ar fáil le haghaidh forbairt inbhuanaithe fuinnimh in-athnuaite amach ó chósta na hÉireann.
- Foilsíodh Dréachtphlean Bithfhuinnimh i mí Dheireadh Fómhair 2014 ina sainaithnítear an deis, ar leibhéal náisiúnta, le haghaidh fhorbairt inbhuanaithe acmhainní bithmhaise na hÉireann.

## Acmhainní Nádúrtha

- Aistríodh go leor de na roghanna ceadúnúcháin peitriliam a eisíodh faoi Bhabhta Ceadúnúcháin Imeall an Atlantaigh 2011 go ceadúnais taiscéalaíochta iomlána in 2014 agus faoi dheireadh na bliana bhí 65 údarú peitriliam gníomhach i bhfeidhm mar seo a leanas: 3 Léas Peitriliam, 30 Ceadúnas Taiscéalaíochta, 18 Rogha Cheadúnúcháin agus 14 Cheadúnas

Sirtheoireachta Peitriliam ghníomhacha. Tríd is tríd, tá na húdaruithe taiscéalaíochta ag an leibhéal is airde riamh anois.

- I mí an Mheithimh 2014 d'fhógair an Rialtas:
  - Athbhreithniú ar théarmaí fioscacha ola agus gáis na hÉireann chun an t-uasteacht isteach cánach a mhéadú go 55% agus tugadh isteach íosleibhéal cánach do gach ceantar a théann i mbun táirgeadh.
  - Oscailt fhoirmiúil bhabhta ceadúnúcháin 2015 an Atlantaigh in Éirinn freisin, a lean ar aghaidh ag cur roghanna ceadúnaithe ar fáil agus a thug isteach athruithe nuálacha i dtéarmaí na gceantar difriúil.
- Ba í Éire an táirgeoir Since is mó san Eoraip arís; bhí luach €417 milliún ar an aschur mianadóireachta (luaidhe agus sinc) agus reáchtáladh clár gníomhach taiscéalaíochta ina bhfuil os cionn 600 ceadúnas taiscéalaíochta.
- Leanadh le saincheisteanna atá ann le tamall maidir le hobair feabhais ag láithreáin stairiúla mianaigh in 2014 i mBéal Átha Gabhann agus in Abhóca, agus cuireadh tús le clár oibreacha tosaíochta shábháilteacht agus shláinte an phobail in Abhóca.
- I measc na bpríomh-aschur do Shuirbhéireacht Gheolaíochta Éireann (GSI) in 2014, bhí léarscáiliú ar os cionn 3,000$km^2$ faoin Tionscadal Náisiúnta um Léarscáiliú Ghrinneall na Farraige (INFOMAR), clár geoifisiceach agus samplála geoiceimicí ithreach Tellus a chur i gcrích sa cheantar Lár Tíre Thuaidh (an Longfort, an Iarmhí agus Ros Comáin), agus cláir phíolótacha do thionscnaimh nua i léarscáiliú comhtháite talún agus screamhuisce. Tá bunachar sonraí cuimsitheach GSI de gheolaíocht na hÉireann ar fáil saor in aisce ar shuíomh gréasáin GSI go fóill: www.GSI.ie.
- I mí Dheireadh Fómhair, d'fhógair Fondúireacht Eolaíochta Éireann tiomantas suntasach nua an Rialtais don Gheo-eolaíocht in institiúidí tríú leibhéal na hÉireann agus dhearbhaigh na hearnálacha Geo-eolaíochta maoiniú €30 milliún do Lárionad na hÉireann do Thaighde i nGeo-eolaíochtaí Feidhmeacha (iCRAG).
- Lean Iascach Intíre Éireann ar aghaidh ag tacú le táirgí turasóireachta agus earnáil slatiascaireachta na hÉireann, ar fiú na milliúin euro iad, thar 77,000km d'aibhneacha agus de shrutháin agus 240,000km cearnach de lochanna intíre, trí bhearta monatóireachta agus cosanta, agus trí thacú le comórtais áitiúla agus idirnáisiúnta ar nós Chraobhchomórtas Iascaireacht Beathadáin an Domhain a mheall beagnach 200 iomaitheoir agus oifigeach ó 25 náisiún go dtí áiseanna an Ghlasbhealaigh in Áth an Chóiste, Contae Chorcaí.

## Sprioc Ardleibhéil – Cumarsáid

*Cuidiú le fás geilleagrach inbhuanaithe, le poist, le hiomaíochas agus le cuimsiú sóisialta trí: infheistíocht thráthúil i líonraí den chéad ghlúin eile den leathanbhanda agus sin a éascú; rannpháirtíocht idirlín níos fearr i measc saoránach agus gnólachtaí; agus tacú le poist a chruthú, gnóthaí a fhorbairt agus nuálaíocht, go mór mór in earnáil na cumarsáide digití.*

I réimse na Cumarsáide, tacaíonn an Roinn le fás geilleagrach, le fostaíocht, le hiomaíochas agus le cuimsí sóisialta trí raon beartas agus rialachán atá ceaptha chun sochaí ina bhfuil níos mó nascacht dhigiteach a éascú. Áirítear leis sin pleananna chun a chinntiú go bhfuil leathanbhanda d'ardchaighdeán ar fáil do gach saoránach trí infheistíocht tráchtála agus trí infheistíocht Stáit, trí úsáid teicneolaíochtaí digiteacha i measc saoránach agus gnólachtaí a chur chun cinn, agus trí thacú le fiontair dhigiteacha.

### An Plean Náisiúnta Leathanbhanda



Tá sé d'aidhm ag an bPlean Náisiúnta Leathanbhanda a chinntiú go bhfuil fáil ag gach saoránach agus gnó, beag beann ar a láthair, ar sheirbhís leathanbhanda ardluais d'ardchaighdeán. Baineadh é seo amach trí chomhpháirtíocht idir an Rialtas agus cuideachtaí teileachumarsáide tráchtála.

Tá an earnáil teileachumarsáide tráchtála ag infheistiú thart ar €2.5 billiún faoi láthair in uasghráduithe líonra agus i seirbhísí breisithe agus meastar go mbeidh fáil ag thart ar 1.6 milliún áitreabh as an 2.3 milliún áitreabh in Éirinn ar sheirbhísí tráchtála leathanbhanda ardluais as seo go ceann dhá bhliain. Infheistíochtaí thar a bheith suntasach iad seo a léiríonn athrú céime ar chaighdeán na seirbhísí leathanbhanda atá ar fáil.

Tá Eircom ag cur a gclár eFibre i bhfeidhm agus é ar intinn aige deis rochtana a thabhairt do suas go 1.6 milliún áitreabh, agus luas suas go 100Mbps á sholáthar. Chomh maith leis sin, d'fhógair an chuideachta go bhfuil sé i gceist seirbhísí cábla snáthoptaice go teach a chur ar fáil i 66 baile ar fud na tíre ó 2015 ar aghaidh.

I ndiaidh achtú reachtaíochta san Oireachtas chun cur ar chumas BSL dul isteach sa mhargadh teileachumarsáide as féin nó i gcomhpháirtíocht le hoibreoir eile, d'fhógair an chuideachta go raibh sé beartaithe aige cuideachta Chomhfhiontair a bhunú le Vodafone (i ndiaidh próiseas soláthair oscailte).

Tá an Comhfhiontar ag forbairt tograí i gcomhair snáth-líonra rochtana oscailte mórdhíola chun snáthsheirbhís a thairiscint san áitreabh. Clúdóidh Céim 1 den fheidhmiú céimneach 50 baile ar fud na tíre. Tá feidhmiú céimneach breise le teacht ina dhiaidh sin. Trí chur ar chumas BSL a líonra forleathan seachadta leictreachais a úsáid chun táirgí snáithín optúil chomh fada leis an mbaile a chur ar fáil, cabhrófar le feidhmiú céimneach an leathanbhanda ardluais chomh maith le hiomaíochas níos mó a éascú i margadh na hÉireann.

D'fhoilsigh an Roinn Léarscáil Clúdach Ardluais náisiúnta i mí na Samhna 2014. Rinneadh seo i ndiaidh idirghníomhú fada cuimsitheach leis an tionscal agus léiríonn na léarscáileanna an staid reatha chomh maith leis an gclúdach NGA náisiúnta beartaithe go deireadh 2016. Tá dath Gorm ar an léarscáil ar na ceantair sin ina bhfuil seirbhísí reatha agus beartaithe NGA agus tá dath Oráiste ar an gcuid eile den tír. Léiríonn an chuid Oráiste den léarscáil an ceantar idirghabhála faoin NBP.

I ndiaidh d'Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta imscrúdú fada mionsonraithe a dhéanamh, tugadh cead do Hutchinson 3G Ireland gnó Éireannach Telefonica, O2 Ireland, a cheannach. Lean na hoibreoirí fón póca 3 ar aghaidh lena bhfeidhmiú céimneach de sheirbhísí 4G ar fud na tíre agus d'infheistigh siad freisin i gcaighdeán agus i gclúdach na seirbhísí 3G a bhreisiú.

I ndiaidh cheant il-bhandaspeictream ComReg in 2012, tá tús curtha ag oibreoirí fón póca le huasghráduithe suntasacha ar a líonraí 3G agus tá seirbhísí 4G tugtha isteach acu. Faoi mhí an Mheithimh 2015, beidh oibreoir amháin ar a laghad tar éis clúdach daonra 94% a bhaint amach don 4G. Mar chuid de na gealltanais a tugadh sa Phlean Náisiúnta Leathanbhanda 2012, thug an Roinn faoi athbhreithniú ar an mbeartas náisiúnta speictrim freisin, le comhairliúchán poiblí san áireamh. Meastar go n-eiseofar cáipéis beartais náisiúnta leasaithe i lár 2015.

## Gréasáin Cheantar Cathrach (MANs)

Bhí ról tábhachtach ag na Gréasáin Cheantar Cathrach, atá faoi úinéireacht an Stáit agus lonnaithe i 94 cathair agus baile réigiúnach, in iomaíochas a chur chun cinn sna réigiúin agus d'éascaigh siad oibreoirí teileachumarsáide, idir bheag agus mhór, chun seirbhísí leathanbhanda ardluais a chur ar fáil gan a líonraí féin a thógáil.

Lean an Roinn ar aghaidh ag maoirsiú imeachtaí enet, an tAonán Bainistíochta Seirbhísí a bhainistíonn, a chothaíonn agus a oibríonn na MANs thar ceann an Stáit. Faoi dheireadh 2014, bhí 85 cinn as an 88 MANs "beo" agus á n-úsáid ag 60 oibreoir tráchtála, a raibh soláthar seirbhísí teileachumarsáide agus leathanbhanda do chustaiméirí ar an líonra snáithín mar thoradh air. Áirítear leis na custaiméirí deiridh sin cuideachtaí móra dúchasacha, cuideachtaí ilnáisiúnta, fiontair bheaga agus mheánmhéide, aonáin Stáit, agus institiúidí oideachais, chomh maith le custaiméirí leathanbhanda fosaithe agus soghluaiste lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

## An Scéim Náisiúnta Leathanbhanda (NBS)

D'éag an Scéim Náisiúnta Leathanbhanda (NBS) an 25 Lúnasa 2014 i ndiaidh tréimhse oibriúcháin 68 mí, ar aon dul le cead an AE don idirghabháil. D'éascaigh an Scéim leathanbhanda bunúsach saor a

chur ar fáil do 239,000 áitreabh, lonnaithe i 1,028 Toghroinn i 25 Contae. I ndiaidh éag na Scéime, tá na seirbhísí á dtairiscint ar bhonn tráchtála.

I dteannta na hinfheistíochtaí príobháidí, chuir an NBS ar chumas na hÉireann sprioc "Chlár Oibre na hEorpa sa Réimse Digiteach" de chuid Choimisiún an AE a chomhlíonadh, sprioc a d'éiligh go mbeadh seirbhís leathanbhanda bhunúsach ar fáil do gach ceantar faoi 2013.

## 100Mbps do Scoileanna

Tháinig deireadh le feidhmiú céimneach náisiúnta na nascachta leathanbhanda 100Mbps do gach iar-bhunscoil in Éirinn in 2014, trí thionscadal a chómhaoinigh an Roinn agus an Roinn Oideachais agus Scileanna. Faoin tríú céim, an chéim dheireanach den fheidhmiú céimneach náisiúnta, fuair 269 scoil i gcontaetha Cheatharlach, Chorcaí, Chiarraí, Chill Chainnigh, Luimnigh, Thiobraid Árann, Phort Láirge, Loch Garman agus Chill Mhantáin nascacht ardluais i rith na bliana. Nascadh 779 iar-bhunscoil, chomh maith le 20 Ionad Oideachais, le seirbhísí leathanbhanda ardluais.

Leanadh le clár taighde ESRI chun tagarmharcáil a dhéanamh ar thorthaí oideachasúla a tharlaíonn de bharr úsáid éifeachtach na teicneolaíochta in iar-bhunscoileanna in 2014, agus táthar ag súil leis na torthaí tosaigh in 2015.

## An Straitéis Náisiúnta maidir le Cúrsaí Digiteacha

Lean an Roinn ar aghaidh ag cur glacadh digiteach chun cinn agus ag cur tionscnaimh i bhfeidhm faoin Straitéis Náisiúnta maidir le Cúrsaí Digiteacha i dtrí phríomhréimse – fiontar, saoránaigh agus oideachas.

### Trádáil Ar Líne



Seoladh Scéim na nDearbhán Trádála Ar Líne go náisiúnta i mí Iúil 2014. Toisc go bhfuil suas go 70% de chaiteachas ar líne na hÉireann ag dul thar lear gach bliain faoi láthair, tosaíocht thábhacht é díriú ar thrádáil ar líne le gnólachtaí Éireannacha ó thaobh post agus an gheilleagair de. Ag obair i gcomhpháirtíocht le Fiontraíocht Éireann agus leis an 31 Oifig Fiontraíocht Áitiúil, tá sé d'aidhm ag an Scéim 2,000 fiontar beag agus micreaghnóthas a chur ag trádáil ar líne faoi dheireadh 2015, chomh maith le gníomh a spreagadh ó fhiontair bheaga agus mheánmhéide eile.

Faoi dheireadh 2014, bronnadh dearbháin suas go €2,500 ar 550 gnólacht beag chun infheistiú i bhforbairt a gcumais trádála ar líne. Léirítear sna torthaí tosaigh go raibh níos mó díolachán ag na cuideachtaí agus go bhfuil siad ag súil le níos mó daoine a earcú dá bharr. Leanfar le feidhmiú céimneach na ndearbhán agus le measúnú ar na torthaí in 2015.

### Scileanna agus Rannpháirtíocht Saoránach

Lean an Clár TairFe ar aghaidh ag tabhairt cúnamh deontais d'eagraíochtaí pobail agus deonacha chun oiliúint i scileanna digiteacha a chur ar fáil chun cabhrú le saoránaigh dul ar líne agus úsáid a bhaint as na tairbhí sóisialta agus geilleagracha a bhaineann leis an domhan digiteach. Ó cuireadh tús leis an gclár in 2008, seachadadh 114,000 áit oiliúna, lena n-áirítear 25,000 i rith 2014. Leathnaíodh réimse agus tionchar TairFe i ndeireadh 2014 agus cuireadh 30 tionscadal nua leis, chun dul i gcion ar níos mó den phobal. Cuirfear níos mó ná 30,000 áit oiliúna ar fáil do shaoránaigh in 2015, i 700 láthair ar fud na tíre.

Lean an Roinn ar aghaidh ag obair le Seaimpín Digiteach na hÉireann, David Puttman, agus le páirtithe leasmhara eile chun feasacht a ardú agus chun níos mó daoine a spreagadh le dul ar líne. Tá dea-thorthaí na gcomhiarrachtaí le feiceáil, mar a léirítear i staitisticí ón CSO a foilsíodh i mí na Nollag 2014 ina dtuairiscítear go bhfuil an líon daoine nár úsáid an t-idirlíon riamh laghdaithe ó dhuine as gach seisear go duine as gach cúigear.

### Leathanbhanda i Scoileanna

D'fhorbair an Roinn, i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, clár for-rochtana píolótach in 2014 chun tacú le hiar-bhunscoileanna níos mó úsáide a bhaint as acmhainní digiteacha sa seomra ranga. Ba chuid dá hinfheistíocht i nascacht leathanbhanda ardluais an clár sin. Bhí múinteoirí an-dearfach faoi na ceardlanna "Switch On" agus tá an t-ábhar seo san áireamh anois i ndeiseanna forbartha gairmiúla eile do mhúinteoirí.

## Fiontraíocht Dhigiteach

Lean an Roinn ar aghaidh ag tacú leis an bpobal beoga cuideachtaí nua-thionscanta digiteacha atá ag fás in Éirinn leis an Lárionad Náisiúnta Taighde Dhigitigh agus leis an nGníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach.

### An Lárionad Náisiúnta Taighde Dhigitigh (NDRC)

Lean an Lárionad Náisiúnta Taighde Dhigitigh (NDRC) ar aghaidh ag maoiniú tionscnaimh nuálaíochta digití agus ag éascú cruthú fiontar nua tríd an dá phríomhchlár infheistíochta agus tacaíochta dá chuid:

- **VentureLab:** clár sé mhí chun tionscadail eolaíochta agus teicneolaíochta a fhorbairt ón earnáil taighde go fiontair thráchtála;
- **LaunchPad:** clár luasaire trí mhí le haghaidh foirne beaga d'fhiontraithe digiteacha chun a smaointe a fhorbairt go dtí an chéim thionscanta tráchtála.

I rith 2014, d'fhorbair an NDRC 22 tionscadal luasaire dhigitigh LaunchPad go céim tionscanta agus bhí naoi dtionscadal eolaíochtbhunaithe VentureLabs á bhforbairt. Faoi dheireadh 2014, bhí cuideachtaí i bpunann an NDRC tar éis níos mó ná 380 post ardluacha agus 120 post páirtaimseartha a chruthú in Éirinn, agus bhí infheistíocht leantach charnach €88 milliún meallta acu, ag a bhfuil luach caipiteal margaidh measta de €220 milliún.

### An Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach (DHDA)

Lean an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach ar aghaidh ag cur tacaí agus réitigh sholúbtha spás oifige ar fáil d'fhiontair dhigiteacha éiritheacha i gcnuasach an Mhoil Dhigitigh. Rinneadh dul chun cinn ar na socruithe do chumasc na Gníomhaireachta le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath faoi Chlár Cuíchóirithe Gníomhaireachtaí Rialtais in 2014. Forbraíodh straitéis agus samhail airgeadais nua a bheidh mar bhonn agus taca dá bhunú mar chuideachta Moil Dhigitigh neamhspleách faoi Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, mar a d'fhaomh an Rialtas é i mí Eanáir 2015.

Faoi dheireadh 2014, bhí 89 cuideachta dhigiteach (a léiríonn ráta áitíochta 90%) ag fostú 980 duine agus lonnaithe i gcnuasach an Mhoil Dhigitigh agus ag baint tairbhe go fóill as idirghníomhaíocht le fiontair atá cosúil leo féin. Go nuige seo, tá os cionn 200 cuideachta tar éis dul tríd an Mol Digiteach. De bharr sheoladh fhorbairt Knightsbridge agus tús a chur le hoibreacha athchóirithe i bhfoirgneamh tréigthe eile ar a champas, leathnófar go suntasach an spás oifige atá ar fáil do chuideachtaí digiteacha. Tabharfaidh na forbairtí seo gníomhaíocht nua freisin go ceantar Bhaile Átha Cliath 8, a chuirfidh leis na cuspóirí athghinte ginearálta.

## Cibearshlándáil

Rinne an Roinn a cumais sa réimse cibearshlándála a fhorbairt tuilleadh tríd an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála (NCSC). Tugadh faoi chleachtadh boird i gcomhar le páirtithe leasmhara fuinnimh agus teileachumarsáide roghnaithe ag féachaint leis na socruithe freagartha i gcás éigeandála a fheabhsú. D'eisigh an Fhoireann Freagartha ar Eachtraí Slándáil Ríomhaire treoracha comhairleacha slándála do Ranna Rialtais agus do Ghníomhaireachtaí Tábhachtacha maidir le heachtraí cibearshlándála.

Ghlac an Roinn páirt freisin i bplé an AE ar an Treoir bheartaithe maidir le Slándáil Faisnéise agus Líonra. Éileofar sa Treoir bheartaithe go mbeadh miontacar cumas sa Stát, go nglacfar páirt i socruithe foirmiúla maidir le comhoibriú AE agus go mbeifear ag plé le hoibreoirí ríthábhachtacha bonneagair sna hearnálacha fuinnimh, iompair, airgeadais agus sláinte chun rioscaí slándála a bhainistiú agus chun eachtraí tromchúiseacha a thuairisciú.

## Rialachas an Idirlín

Ghlac an Roinn páirt i bplé pan-Eorpach ar shaincheisteanna a bhaineann le rialachas an idirlín, agus ghlacamar páirt sa Phlé Eorpach ar Rialachas an Idirlín (EuroDIG) inar roinneadh tuairimí agus dea-chleachtas ar shaincheisteanna le plé ag cruinnithe Fhóram Rialachas an Idirlín (IGF), agus inar ardaíodh feasacht faoi ábharthacht na saincheisteanna a pléadh i gcomhthéacs IGF agus luach an phlé nua le hilpháirtithe leasmhara a d'fhorbair IGF agus bunaithe air.

Ghlac oifigigh de chuid na Roinne páirt sa Ghrúpa Ardleibhéil ar Rialachas an Idirlín (HLIG) de chuid Choimisiún na hEorpa agus d'fhreastail siad ar chruinnithe de chuid Choiste Comhairleach Rialtais (GAC) na Corparáide Idirlín d'Ainmneacha agus d'Uimhreacha Santa (ICANN), ag glacadh páirt i bhforbairt tograí d'aistriú maoirseachta fheidhmeanna an Údaráis um Uimhreacha Sannta Idirlín (IANA) agus cruthú bearta cuntasachta breisithe do ICANN.

## Rialú Ábhair Idirlín

Bunaíodh an Grúpa Comhairleach ar Rialú Ábhair Idirlín (ICGAG) i mí na Nollag 2013. Thug an Grúpa faoi chomhairliúchán poiblí ar na saincheisteanna a eascraíonn as rochtain fhorleathan ar ábhair idirlín agus ar an tionchar a bhíonn acu sin ar an tsochaí ina hiomláine; reáchtáladh an comhairliúchán sin idir an 28 Eanáir agus an 18 Márta 2014.

Cuireadh Tuarascáil ICGAG faoi bhráid an Aire an 30 Bealtaine. Áirítear ann 30 moladh struchtúrtha, reachtaíochta agus riaracháin, a bhfuil Ranna Rialtais éagsúla freagrach astu.

I ndiaidh fhoilsiú Thuarascáil ICGAG, bunaíodh grúpa feidhmithe tras-rannach, a raibh an Roinn mar chathaoirleach air agus ina raibh ionadaithe ón Roinn Sláinte, ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, ón Roinn Dlí agus Cirt (an Oifig um Shábháilteacht Idirlín) agus ón Roinn Oideachais.

## Rialúchán ar Chumaisc Meán


Tá feidhm na gcumasc meán san Acht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí 2014. Breisíodh na cumhachtaí agus freagrachtaí rialála a bhaineann le Cumaisc Meán san Acht seo, agus aistríodh iad go dtí an tAire le héifeacht ó mhí Dheireadh Fómhair 2014. D'fhorbair an roinn Treoirlínte um Chumaisc Meán agus an Fhoirm Fógra le haghaidh Cumaisc Meán agus foilsíodh dréacht díobh i mí na Nollag 2014 le haghaidh comhairliúchán poiblí.

## Sprioc Ardleibhéil – Craolachán/Cúrsaí Poist

*Earnáil chraoltóireachta fhuinniúil a chur chun cinn, go soláthródh Cuideachtaí Craoltóireachta Stáit luach ar airgead agus aschuir ar ardchaighdeán, earnáil fhuinniúil chraoltóireachta phríobháideach ardchaighdeáin, beartas meán a fhorbairt go ginearálta agus chun a chinntiú go mbeidh creat rialála cuí i bhfeidhm chun é seo a chur i gcrích.*

*Cinntiú go mbainfidh custaiméirí na hÉireann, gnó agus cónaithe araon, tairbhe as seirbhísí ardchaighdeáin poist le praghas iomaíoch a bheidh ar aon chéim leis na caighdeáin is airde i ngeilleagair chomparáide thábhachtacha an AE.*

### Maoiniú Craolachán Seirbhíse Poiblí



Fuair an Roinn faomhadh an Rialtais i mí Iúil 2014 do rochtain an Ghníomhaire Bailithe Ceadúnas Teilifíse ar shonraí síntiús atá ag soláthraithe seirbhíse teilifíse chun cabhrú le himghabháil ceadúnas teilifíse a laghdú. Tá an reachtaíocht riachtanach á forbairt.

Chuir an Roinn tús freisin le hobair ar an mbunachar sonraí reatha do cheadúnais teilifíse a fheabhsú, a bhfuil feabhsú fheidhmiúlacht an bhunachair shonraí agus feabhsú a chumais sonraí ó bhunachair eile a chuimsiú go héasca mar chuid de.

### Ainmniú Imeachtaí Móra

Faoin Treoir maidir le Seirbhísí na Meán Closamhairc (AVMS), tá cead ag Ballstáit imeachtaí áirithe spóirt agus cultúir a ainmniú mar ócáidí a bhfuil tábhacht mhór leo don tsochaí agus a fhoráil go leanfar ag cur imeachtaí a ainmnítear mar sin ar fáil ar sheirbhísí teilifíse saor in aisce.

Leagtar amach i gCuid 11 den Acht Craolacháin 2009 na forálacha a bhaineann le hainmniú imeachtaí in Éirinn agus ceanglaítear leo sin, i measc nithe eile, go dtugtar faoi phróiseas athbhreithnithe gach trí bliana.

Thionóil an Roinn imeacht comhairliúcháin phoiblí faoi imeachtaí spóirt agus cultúir a bheadh oiriúnach le hainmniú mar imeachtaí a bhfuil tábhacht mhór leo le haghaidh 'saorchraoladh'. Fógraíodh é seo le preaseisiúint agus le fógra sna nuachtáin náisiúnta laethúla i mí an Mheithimh 2014 agus lean an tréimhse comhairliúcháin ar aghaidh go dtí mí Lúnasa 2014.

Fuarthas 44 aighneacht ó pháirtithe leasmhara agus ón bpobal san iomlán.

## Ainmniú UTV Ireland

Shínigh Údarás Craolacháin na hÉireann (ÚCÉ) conradh soláthair lánais teilifíse le UTV Ireland Limited, faoi Alt 71 den Acht Craolacháin 2009, i mí Feabhra 2014. Baineann conarthaí a bhronnann ÚCÉ faoi alt 71 le hábhar amháin agus ní bhíonn cead uathoibríoch i gceist go gcraolfar an t-ábhar ar a ardán.

Foráiltear in alt 130 den Acht Craolacháin 2009 do chraoladh RTÉ a hAon, RTÉ a Dó, TV3, 3e, TG4, Bhealach Thithe an Oireachtais agus Bhealach Scannán na hÉireann (i gcás ina n-iarrfaidh an tAire é) agus, faoi alt 130(1)(a)(iv) 'cibé seirbhísí teilifíse eile, ar de ghné seirbhíse poiblí iad, a ainmneoidh an tAire le hordú', ar sheirbhís RTÉ SAORVIEW (DTT).

I mí an Mheithimh 2014, scríobh UTV Ireland chuig an Aire ag iarraidh go n-ainmneofaí go foirmiúil iad faoi alt 130(1)(a)(iv), a ligfeadh dóibh cur isteach ar chraoladh ar sheirbhís SAORVIEW DTT.

Toisc gurb é iarratas UTV Ireland don ainmniú an chéad iarratas a fuarthas faoi alt 130(1)(a)(iv) ó achtaíodh an tAcht Craolacháin 2009, thug an Roinn faoi roinnt céimeanna tosaigh sula ndearnadh breithniú mionsonraithe ar iarratas UTV Ireland. Áiríodh i measc na gcéimeanna sin creatlach a bhunú ina bhféadfaí iarratas dá leithéid ar ainmniú a bhreithniú.

I mí na Nollag 2014, shínigh an tAire ordú ag ainmniú UTV Ireland mar sheirbhís teilifíse 'ar de ghné seirbhíse poiblí' í faoi alt 130(1)(a)(iv) den Acht Craolacháin 2009. Chuir an tseirbhís nua tús leis an gcraoladh an 1 Eanáir 2015.

## RTÉ

Lean an Roinn ar aghaidh ag obair le RTÉ i gcomhthéacs thimpeallacht dhúshlánach airgeadais na cuideachta agus chun a chinntiú go raibh rialachas corparáideach éifeachtach i bhfeidhm.

Chabhraigh an Roinn le RTÉ tionscnaimh nua éagsúla a thabhairt isteach in 2014:

- Seirbhís ar líne GAAGO, a seoladh in 2014, agus a thug cluichí beo ón gCraobhchomórtas go 128 tír.
- Seoladh leagan Idirnáisiúnta de Sheinnteoir RTÉ.

Ceapadh seachtar comhaltaí ar Bhord nua RTÉ i mí na Samhna 2014.

## Athbhreithniú 5 Bliana Údarás Craolacháin na hÉireann

I ndiaidh Athbhreithniú 5 Bliana Údarás Craolacháin na hÉireann ar leordhóthanacht an mhaoinithe do chraoltóirí seirbhíse poiblí (RTÉ agus TG4), fuair an Roinn athbhreithniú NewERA ar éifeachtúlachtaí in RTÉ agus athbhreithniú Indecon ar an margadh fógraíochta in Éirinn in 2014.

Scrúdaigh an Roinn na torthaí agus na moltaí sa dá cháipéis sin mar ullmhúchán dá bhfoilsiú ag an Aire in 2015.

Lean an Roinn ar aghaidh ag athbhreithniú reachtaíocht reatha craolacháin ag féachaint leis na hathruithe reachtaíochta a theastaíonn mar gheall ar athbhreithniú ÚCÉ agus mar gheall ar staid an chraolacháin tráchtála agus pobail atá ag forbairt a shainaithint.

## Údarás Craolacháin na hÉireann (ÚCÉ)

### Fuaim agus Fís

Faoi alt 158 den Acht Craolacháin 2009, reáchtálann ÚCÉ an Scéim Fuaime agus Físe a thacaíonn le léiriú agus tarchur clár d'ardchaighdeán atá bunaithe ar chultúr agus ar oidhreacht na hÉireann. Riartar an ciste trí fháltais ó tháillí ceadúnas teilifíse.

Reáchtáladh Fuaim agus Fís II ó 2012 go dtí 2014 agus chuir sé maoiniú os cionn €70 milliún ar fáil le haghaidh thart ar 1,500 tionscadal teilifíse agus raidió.

Sular éag an scéim ag deireadh 2014, fuair an Roinn togra ó ÚCÉ le haghaidh scéim nua (Fuaim agus Fís III) a fuair faomhadh chun oibriú ó mhí Eanáir 2015 ina dhiaidh sin.

### An Scéim Cartlannaithe

Riartar an Scéim Cartlannaithe trí fháltais ó tháillí ceadúnas teilifíse freisin. Cuireann an Scéim tacaíocht maoinithe ar fáil d'fhorbairt cultúr cartlannaithe in earnáil chraolacháin na hÉireann a chuirfidh le caomhnú na hoidhreachta craolacháin.

Seoladh an Scéim in 2012 agus cuireadh tús lena feidhmiú le maoiniú in 2013. Tionóladh an dara babhta maoinithe in 2014. Idir an dá bhabhta, fuarthas 48 iarratas agus i ndiaidh a measúnaithe, bronnadh €3.77 milliún chun tacú le 17 dtionscadal.

D'iarr ÚCÉ go síneodh an Roinn an Scéim go dtí 2016 agus bronnadh faomhadh ar an iarratas sin i mí Iúil 2014.

### Rialacha Rochtana

Cinneann Rialacha Rochtana ÚCÉ na leibhéil fotheideal, teanga chomharthaíochta agus cur síos fuaime a bhfuil de dhualgas ar chraoltóirí in Éirinn a chur ar fáil de réir a n-oibleagáidí reachtúla. Faoin Acht Craolacháin 2009, teastaíonn athbhreithniú ar na rialacha sin gach dhá bhliain.

Fuair an Roinn an t-athbhreithniú sin sa dara leath de 2014 chun anailís agus breithniú a dhéanamh air sula leagfaí an tuarascáil faoi dhá Theach an Oireachtais go luath in 2015.

## Postchóid

Shínigh an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha an conradh le Capita Business Support Services Ireland i mí na Nollag 2013 chun an córas náisiúnta postchód a dhearadh, a thógáil, a rith agus a chothabháil faoi cheadúnas ar feadh tréimhse deich mbliana, a bhféadfaidh an tAire síneadh cúig bliana a chur leis faoina lándiscréid féin.

D’fhaomh an Rialtas dearadh an Chórais Postchód Náisiúnta agus an bhranda ‘Eircode’ i mí Aibreáin. Cuireadh tús leis an bhfeachtas feasachta poiblí i mí Aibreáin le seoladh an tsuímh gréasáin www.eircode.ie . Tá eolas ar an suíomh gréasáin faoi Eircode le haghaidh cónaitheoirí agus gnólachtaí araon.

D’fhonn tacú le scaipeadh Eircode i ndiaidh a sheolta cumasófar bunachair shonraí na gcomhlachtaí móra san earnáil phoiblí do Eircode. Cuireadh an obair ar ullmhúchán na mbunachar sonraí sin san earnáil phoiblí a gheobhaidh Eircode i gcrích i mí na Nollag 2014.

Tá an tionscadal i gcéim an fheidhmithe faoi láthair agus táthar ag súil lena fheidhmiú céimneach ar fud na tíre i lár 2015.

## An Post

Lean an Roinn ar aghaidh ag obair leis An bPost in 2014 chun a chinntiú go raibh rialachas corparáideach éifeachtach i bhfeidhm. Bhí sé i dteagmháil leis an gcuideachta go rialta maidir lena staid airgeadais agus le feidhmiú a chláir athruithe. Cruthaíonn an laghdú ar an méid a chuirtear sa phost, de bharr cúinsí geilleagracha go príomha chomh maith le méadú seasmhach ar ábhar a chur go leictreonach, dúshláin shuntasacha a imríonn tionchar ar an gcuideachta go fóill. Is iad laghduithe ar chostais agus iarrachtaí a fhoinsí ioncaim a éagsúlú is mó a spreagann An Post agus é ag iarraidh dul in iomaíocht go héifeachtach agus a bheith mar an chéad rogha oibreora sa mhargadh poist. Cuireadh tús le hathbhreithniú ar an líonra oifigí poist, faoi scáth an Choiste Comh-Aireachta um Beartas Sóisialta, in 2014 agus i mí na Nollag fógraíodh bunú Ghrúpa Forbartha Gnó an Líonra Oifigí Poist, faoi Chathaoirleach neamhspleách. Déanfaidh an Grúpa imscrúdú ar dheiseanna féideartha do ghnó nua Rialtais agus tráchtála a d’fhéadfaí a reáchtáil tríd an líonra oifigí poist.

## ComReg

Lean an Roinn ar aghaidh ag obair leis an gCoimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg) i rith 2014, maidir le ról ComReg mar an t-údarás náisiúnta rialála don earnáil phoist agus a oibleagáidí faoin Acht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist), 2011. In 2014, d’fhaomh ComReg sásra caidhpeála do phraghas postais agus i mí Iúil d’ardaigh an Post praghas an stampa intíre ó 60 cent go 68 cent.

# Sprioc Ardleibhéil – Fuinneamh

*Chun sláine, leanúnachas agus iomaíochas soláthair fuinnimh don gheilleagar agus do thomhaltóirí a chinntiú agus chun inbhuanaitheacht soláthair agus éilimh fuinnimh a chur chun cinn.*

## Páipéar Uaine ar Bheartas Fuinnimh



Tá Páipéar nua ar Bheartas Fuinnimh, ina leagfar amach beartas fuinnimh na hÉireann go 2030, á fhorbairt. Foilsíodh Páipéar Uaine ar Bheartas Fuinnimh in Éirinn i mí na Bealtaine 2014 chun cabhrú le forbairt an Pháipéir Beartais nua, a d'oscail próiseas comhairliúcháin phoiblí i scríbhinn a tháinig chun críche an 31 Iúil 2014. Leagtar amach sé réimse tosaíochta beartais sa Pháipéar Uaine ar iarradh aighneachtaí ina leith. Fuarthas os cionn 1,200 aighneacht sa phróiseas comhairliúcháin i scríbhinn. Chomh maith leis sin, tugadh faoi phróiseas comhairliúcháin dírithe ar pháirtithe leasmhara ina raibh 11 seimineár, ar dhírigh sé cinn díobh ar na tosaíochtaí a sainaithnítear sa Pháipéar Uaine, ceithre sheimineár réigiúnacha agus seimineár ar chostais fuinnimh. Tá an Roinn ag tabhairt faoin obair leantach mhionsonraithe a theastaíonn chun an Páipéar Beartais nua a fhorbairt a fhoilseofar i dtreo dheireadh 2015.

## Margadh Leictreachais Aonair (SEM) Uile-Oileáin agus Cóid Líonra Leictreachais an AE

### Margadh Leictreachais Aonair (SEM) Uile-Oileáin

Leanadh den Mhargadh Leictreachais Aonair (SEM) Uile-Oileáin, an margadh miondíola leictreachais uile-oileáin, a oibriú go héifeachtach in 2014 i gcomhar leis na Rialálaithe Thuaidh agus Theas. Dá bharr sin, cinntíodh soláthar leanúnach leictreachais mórdhíola ar chostas réasúnach, iomaíocht, trédhearcacht, rogha do thomhaltóirí, éagsúlacht ó thaobh cúrsaí giniúna de agus níos mó úsáide á baint as foinsí in-athnuaite, i gcomhthéacs chur i bhfeidhm iomlán Thríú Pacáiste Fuinnimh an AE.

Faoin Tríú Pacáiste Fuinnimh, tá treoirlínte agus cóid líonra leictreachais agus gáis nua á bhforbairt ar leibhéal an AE, a bhfuil d'aidhm acu níos mó trádáil leictreachais agus gáis ar fud na hEorpa a chur chun cinn.  Teastaíonn comhaontú idir gach Ballstát ar leibhéal an AE faoi rialacha coisteolaíochta chun iad a fhorbairt agus a ghlacadh mar Rialacháin ón gCoimisiún.  Glacann an Roinn páirt iomlán sna forbairtí seo agus sa phróiseas coisteolaíochta gáis agus leictreachais lena mbaineann.

Chomhaontaigh gach Ballstát treoirlíne um Leithdháileadh Cumais agus Bainistíocht Plódaithe (CACM) leictreachais an 5 Nollaig 2014 i ndiaidh idirbheartaíocht mhionsonraithe theicniúil le dhá bhliain anuas ar an treoirlíne sin. Tiocfaidh an treoirlíne i bhfeidhm in 2015 mar an príomhchód do mhargadh an leictreachais san AE.  Tá tionchar suntasach ag a forálacha ar an margadh miondíola

leictreachais uile-oileáin agus dá bharr sin cuirfidh Éire agus Tuaisceart Éireann í i bhfeidhm i leith an mhargaidh leictreachais uile-oileáin ag spriocdháta níos deireanaí ná na Ballstáit eile, is é sin an 31 Nollaig 2017. Tá comhlíonadh an mhargaidh miondíola leis an gcód seo á bhaint amach ag an Tionscadal Margadh Leictreachais Aonair Comhtháite (I-SEM) faoi stiúir na rialálaithe in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann. Chomh maith leis sin, éascóidh tionscadal I-SEM rannpháirtíocht éifeachtach na hÉireann i Margadh Inmheánach Fuinnimh an AE. Ba chéim mhór sa tionscadal seo é nuair a d'fhoilsigh na rialálaithe an Dearadh Ardleibhéil don mhargadh nua i mí Mheán Fómhair 2014. Tá an tionscadal ina chéim dheiridh anois agus beidh an margadh nua "beo" faoi R4 2017.

## Cóid Líonra Gáis an AE

Ghlac an Roinn páirt i bplé faoi na cóid líonra gáis éagsúla faoi phróiseas coisteolaíochta gáis ar leith i rith 2014. Faoi dheireadh 2014 rinneadh dul chun cinn suntasach ar an gCód Líonra do Tharaifí Gáis a chur chun cinn agus chomhaontaigh gach Ballstát na Cóid ar idir-inoibritheacht agus cothromú gáis.

## Pleanáil Éigeandála

I rith 2014, thug an Ghníomhaireacht Fuinnimh Idirnáisiúnta (IEA) faoi athbhreithniú cuimsitheach ar fhreagairt na hÉireann ar éigeandáil fuinnimh.

Cuirtear bonn daingean faoi shláine an tsoláthair gáis agus leictreachais trí Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Soláthar Gáis Nádúrtha a Áirithiú) 2013 (I.R. Uimh. 336 de 2013), lenar tugadh éifeacht do Rialachán 994/2010 ón AE maidir le bearta chun sláine an tsoláthair gáis a chosaint. In 2014, d'fhoilsigh an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh, mar Údarás Inniúil atá freagrach as comhlíonadh na mbeart faoi Rialachán 994/2010 agus a bhfeidhmiú, Plean Náisiúnta Éigeandála don Soláthar Gás, Plean Náisiúnta Gníomhaíochta Coiscthí, agus Comhphlean Gníomhaíochta Coiscthí don Ríocht Aontaithe agus d'Éirinn.

D'éirigh go maith le ceardlann agus cleachtadh éigeandála ola éascaithe a tionóladh san Ionad Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí i mí na Samhna 2014 le Ranna Rialtais eile agus le comhlachtaí poiblí ábhartha, leis an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta agus le cuideachtaí ola.

Rinne an Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta dul chun cinn suntasach ar na stoic éigeandála ola a choinnítear ar oileán na hÉireann a athchothromú chun sláine an tsoláthair a fheabhsú. Faoi dheireadh 2014, bhí 70% de na stoic ar oileán na hÉireann, méadú mór ar an méid a bhí ann in 2007, is é sin 46%.

## Bonneagar Fuinnimh Tras-Eorpach

Tháinig Rialachán an AE 347/2013 ar "Threoirlínte do Bhonneagar Fuinnimh Tras-Eorpach" i bhfeidhm i mí na Bealtaine 2013, agus ghlac Coimisiún an AE le liosta Tionscadail Bonneagar Fuinnimh don Aontas Eorpach, "Tionscadail Leasa Choitinn" (PCI), i mí Dheireadh Fómhair 2013 ina dhiaidh sin. Roghnaíodh 15 thionscadal dá leithéid, a mbeadh tionchar trasteorann ag baint leo idir Éire, an Ríocht Aontaithe agus an Fhrainc, le cur ar an gcéad liosta PCI. Cuireadh tús leis an bpróiseas roghnaithe don dara liosta PCI in 2014 agus tá Coimisiún an AE le glacadh leis i ndeireadh 2015.

## Forbairt Eangaí

D'fhreagair EirGrid d'imní an phobail maidir le tionscadail Grid25 in 2014. I mí na Nollag 2014, i ndiaidh athbhreithniú cuimsitheach ar an bPróiseas Comhairliúcháin Phoiblí, d'fhógair EirGrid sonraí faoina chur chuige nua chun rannpháirtíocht an phobail a fheabhsú sa todhchaí maidir le tionscadail Grid25. Dhearbhaigh an t-athbhreithniú go raibh sé i gceist ag EirGrid cur chuige rannpháirteach a bheadh níos dírithe ar an bpobal a fhorbairt do thionscadail, ag forbairt caidreamh níos láidre le páirtithe leasmhara agus le pobail, agus ag lorg tacaíochta ón gcóras polaitiúil agus ó chomhlachtaí poiblí chun saincheisteanna fuinnimh agus na buntáistí a bhainfeadh le córas leictreachais níos láidre a mhíniú níos fearr.

I mí Eanáir 2014, bhunaigh an tAire Painéal Saineolaithe Neamhspleách chun maoirsiú a dhéanamh ar shláine an phróisis a bhí in úsáid ag EirGrid chun tuairisciú ar staidéir chuimsitheacha a bhain go sonrach le bealaí na roghanna lasnairde agus faoi thalamh do thionscadail Grid Link agus Grid West. Rinne an Painéal breithniú freisin ar na modheolaíochtaí a d'úsáid EirGrid maidir leis an tionscadal líne tarchuir Thuaidh Theas agus d'eisigh sé ráiteas i mí Iúil 2014 inar cuireadh in iúl a thuairim chomhaontach go bhfuil an méid a rinneadh cheana féin ar an tionscadal Thuaidh Theas comhoiriúnach, i ngach slí ábhartha, leis na modheolaíochtaí atá á n-úsáid ar na tionscadail Grid West agus Grid Link faoi láthair.

I mí na Bealtaine 2014, chuir EirGrid tús le hathbhreithniú eile ar straitéis Grid25 chun an fhaisnéis is nuaí a chur san áireamh, lena n-áirítear féidearthacht theicniúil, tuar geilleagrach agus éilimh sa todhchaí, agus tionchar ar an gcomhshaol. Foilsíodh toradh an athbhreithnithe sin, 'Your Grid, Your Views, Your Tomorrow', dá chomhairliúchán i mí an Mhárta 2015. Déantar athbhreithniú ann, i measc nithe eile, ar thionscadail Grid Link, Grid West agus na Líne Idirnasctha Thuaidh Theas.

D'ainmnigh Coimisiún na hEorpa an tionscadal Thuaidh Theas mar Thionscadal Leasa Choitinn i mí Dheireadh Fómhair 2013 agus in 2014 chuir EirGrid comhad dréacht-iarratas pleanála faoi bhráid an Bhoird Pleanála. Meastar go gcuirfidh EirGrid iarratas pleanála foirmiúil faoina bhráid in 2015.

## Cuideachtaí Fuinnimh an Stáit

### Diúscairtí Shócmhainní an Stáit – Díolachán BGÉ

I mí an Mheithimh 2014, i ndiaidh próiseas fairsing díolacháin, cuireadh díolachán ghnó fuinnimh Ervia (Bord Gáis Éireann roimhe seo), Bord Gáis Energy, i gcrích ar luach iomlán fiontair, fiacha san áireamh, de €1.1 billiún. Díoladh é le feadhnacht ina bhfuil Centrica plc, Brookfield Renewable Energy Partners LP agus iCon Infrastructure.

Fuair Ervia díbhinn speisialta €150 milliún i mí Iúil 2014 a léiríonn an chéad tráthchuid de na fáltais ó dhíolachán Bhord Gáis Energy. Meastar go bhfaighidh an Státchiste díbhinní iomlána de thart ar €1 billiún ó ghlanfháltais an díolacháin, i dteannta na hathghiarála beartaithe agus na comaoine teagmhasaí. Íocfar tuilleadh fáltais ón idirbheart leis an Státchiste le himeacht aimsire.

### Páirtchumasc Bhord na Móna agus Choillte

I mí an Mheithimh 2014, shocraigh an Rialtas oibríochtaí áirithe tráchtála de chuid Bhord na Móna agus Choillte a chuíchóiriú agus a athdhíriú. Dá bharr sin ní mór do Bhord na Móna agus do Choillte

tabhairt faoi pháirtchumasc i gceithre phríomhréimse: gaoth; bithmhais; turasóireacht agus áineas; agus seirbhísí roinnte.

Measfar, de réir dhearbhú fhaomhadh cuí rialála agus eile, go mbeidh na struchtúir chorparáideacha bhunaidh i bhfeidhm i rith 2015.

## Fuinneamh In-athnuaite



Tá dhá scéim REFIT fós oscailte d'iarratais agus lean an líon fuinnimh a fhaightear ó fhoinsí in-athnuaite ar aghaidh ag fás in 2014. Cé gurb é an fuinneamh gaoithe amach ón gcósta an teicneolaíocht in-athnuaite is éifeachtaí ó thaobh costais de i margadh leictreachais na hÉireann, tá seans ann freisin ár bpunann ginte leictreachais in-athnuaite a éagsúlú sa tréimhse go 2020 agus ina diaidh ach acmhainn ár n-acmhainní dúchasacha ar nós an aigéin agus an bhithfhuinnimh a úsáid.

Ina fhianaise sin, seoladh an Plean Forbartha d'Fhuinneamh In-Athnuaite Amach ón gCósta (OREDP) i mí Feabhra 2014 ina gcuirtear creat ar fáil le haghaidh forbairt inbhuanaithe fuinnimh in-athnuaite amach ó chósta na hÉireann. Leagtar amach ann na príomhphrionsabail, spriocanna, bearta beartais agus cumasóirí do sheachadadh acmhainn shuntasach na hÉireann i réimse an Fhuinnimh In-athnuaite Amach ón gCósta. Ag léiriú an ghá atá le tacaíocht comhordaithe ó gach cuid den Rialtas, bunaíodh Grúpa Stiúrtha tras-rannach agus ilghníomhaireachta chun maoirsiú a dhéanamh ar fheidhmiú OREDP trí thrí shruth oibre.

Ina theannta sin, foilsíodh Dréachtphlean Bithfhuinnimh i mí Dheireadh Fómhair 2014. Sainaithnítear sa dréachtphlean an deis, ar leibhéal náisiúnta, le haghaidh fhorbairt inbhuanaithe acmhainní bithmhaise na hÉireann agus cuirfear i bhfeidhm é trí ghníomhartha beartais agus cumasaithe éagsúla. Tá Grúpa Stiúrtha tras-rannach, faoi chathaoirleacht na Roinne, bunaithe chun maoirsiú a dhéanamh ar fheidhmiú an Dréachtphlean Bithfhuinnimh.

I dtéarmaí na gcuspóirí dícharbónaithe níos fadtéarmaí, cuireadh tús le hidirbheartaíocht in 2014 ar Chreat Aeráide agus Fuinnimh 2030 an AE agus tá an Roinn rannpháirteach go gníomhach sa chur chuige uile-Rialtais, a bhfuil córais dhiana agus samhaltú geilleagrach mar bhonn agus taca aige, chun rannchuidiú na hÉireann, a bheidh cóir, costéifeachtach agus indéanta ó thaobh na teicneolaíochta de, le huaillmhian fhoriomlán an AE a chinneadh.

## Na Scéimeanna 'Fuinneamh Níos Fearr'

Chaith an Rialtas €53.75 milliún in 2014 ar na Scéimeanna 'Fuinneamh Níos Fearr', a mhaoinítear trí Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), inar cuimsíodh:

- €20.7 milliún a caitheadh ar an scéim 'Fuinneamh Níos Fearr – Tithe Níos Teo', ina bhfuair 9,056 teach uasghrádú fuinnimh;
- €9.05 milliún a caitheadh ar thionscadail faoin gClár Ceantarbhunaithe 'Fuinneamh Níos Fearr', ina bhfuair 3,209 teach uasghrádú;
- €9.9 milliún a caitheadh ar an scéim 'Teaghlaigh Fuinnimh Níos Fearr', ina bhfuair 9,927 teach cabhair i bhfoirm deontais;
- €14.6 milliún ar an scéim 'Pobail Fuinnimh Níos Fearr' – ceadaíodh 58 dtionscadal agus críochnaíodh na tionscadail ina n-iomláine faoi dheireadh na bliana.

I measc na bpríomhréimsí caiteachais do SEAI in 2014 bhí €1.2 milliún ar Thacaíocht Éifeachtúlacht Fuinnimh san Earnáil Phoiblí agus €1.2 milliún ar Éifeachtúlacht Fuinnimh sa Ghnó.

## Trasuí Threoir Éifeachtúlacht Fuinnimh an AE

D'fhonn éifeacht a thabhairt do ghealltanais agus d'oibleagáidí na hÉireann faoin Treoir Éifeachtúlacht Fuinnimh trasuíodh na ceanglais reachtaíochta riachtanacha i ndlí na hÉireann in 2014 trí dhá ionstraim reachtúla ar leith. (I.R. 131 de 2014 agus I.R. 426 de 2014)

## Bunú Oibleagáid Éifeachtúlacht Fuinnimh do Sholáthraithe

Bunaíodh scéim oibleagáide do sholáthraithe fuinnimh in 2014 mar a fhoráiltear di i dTreoir Éifeachtúlacht Fuinnimh an AE. Ceanglaítear leis sin ar gach soláthraí fuinnimh tabhairt faoi bhearta chun bearta éifeachtúlacht fuinnimh a sholáthar dá gcustaiméirí sna hearnálacha tráchtála agus tí agus do na custaiméirí sin atá bocht ó thaobh fuinnimh de. Uirlis thábhachtach é an beart chun sprioc éifeachtúlacht fuinnimh 2020 na hÉireann a bhaint amach. Foilseofar tuarascáil in 2015 ina dtabharfar breac-chuntas ar an gcoigilteas fuinnimh a baineadh amach.

## An Ciste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh

Bunaíodh an Ciste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh i mí an Mhárta 2014, trí sholáthar síolchaipitil €35 milliún ón Rialtas. I mí na Bealtaine 2014, seoladh an Ciste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh, ar fiú €35 milliún é, le hinstealladh caipitil €17.2 milliún ó Rialtas na hÉireann agus maoiniú príobháideach €17.8 milliún. Is é cuspóir an Chiste maoiniú ar phraghas oiriúnach a chur ar fáil do thionscadail éifeachtúlacht fuinnimh sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha. Cabhróidh an Ciste go díreach le huasghráduithe éifeachtúlacht fuinnimh a spreagadh sna hearnálacha poiblí agus tráchtála, ag infheistiú i dtionscadail ar nós iarfheistiú foirgneamh, éifeachtúlacht fuinnimh tionscail, teasa is cumhachta in éineacht agus bonneagar uirbeach. In 2014 chuir an Ciste dhá thionscadal i gcrích san earnáil phoiblí agus d'infheistigh sé i dtionscadal mór uasghrádaithe teasa i dtithíocht údaráis áitiúil.

## Éifeachtúlacht Fuinnimh na hEarnála Poiblí

Ceanglaítear ar an earnáil phoiblí a héifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú 33% faoi 2020. B'éigean do chomhlachtaí poiblí monatóireacht a dhéanamh ar a n-ídiú fuinnimh in 2011. Bunaithe air sin agus ar fhorbairt SEAI de chóras cuimsitheach bailithe sonraí, foilsíodh an chéad tuarascáil ar ídiú fuinnimh san earnáil phoiblí le haghaidh 2014. Léiríodh go bhfuil an earnáil beagnach leathbhealach go dtí a

sprioc. Thug 238 comhlacht poiblí tuairisc iomlán ar a n-ídiú fuinnimh; b'ionann an t-ídiú fuinnimh le chéile agus 8,495 GWh nó caiteachas €588 milliún ar fhuinneamh agus coigilteas €74 milliún.

## Lipéadú Fuinnimh agus Éicea-Dhearadh

Ceanglaítear ar Bhallstáit tabhairt faoi ghníomhaíochtaí faireachas margaidh má táthar le cloí leis na Treoracha agus na Rialacháin Lipéadaithe Fuinnimh, Éiceadhearaidh agus Lipéadaithe Bonn. Déantar seo chun a chinntiú go gcloíonn táirgí atá ar fáil ar mhargaí náisiúnta le ceanglais shonracha de chuid an AE agus chun leibhéal comhionann cosanta a thabhairt do thomhaltóirí agus d'oibreoirí geilleagracha ar fud an mhargaidh aonair. Is í an DCENR an tÚdarás Faireachas Margaidh atá freagrach as forfheidhmiú na reachtaíochta sin. Tugadh faoi beagnach 100 cigireacht in 2014 chun a chinntiú go bhfuil miondíoltóirí agus allmhaireoirí ar an eolas faoina n-oibleagáidí faoin reachtaíocht.

## Rannpháirtíocht Idirnáisiúnta agus AE

Ba bhliain an-ghnóthach í 2014 ar an leibhéal idirnáisiúnta. Tá suntas faoi leith leis an rannpháirtíocht shuntasach i dtrí shaincheist shonracha, a bhaineann le chéile: Straitéis Slándáil Fuinnimh na hEorpa; 'Creat 2030' a thugann aghaidh ar an ngá le comhtháiteacht i mbeartas fuinnimh agus athraithe fuinnimh; agus an 'tAontas Fuinnimh', straitéis uileghabhálach ar leibhéal an AE chun iomaíochas agus sláine fuinnimh a mhéadú ar fud an AE.

# Sprioc Ardleibhéil – Acmhainní Nádúrtha

*Iascaigh intíre na hÉireann, acmhainní mianra, hidreacarbóin agus geolaíocha a bhainistiú ar bhealach a bheidh táirgiúil agus inbhuanaithe.*

Tá sé de chúram ar an Roinn bainistiú a dhéanamh ar Acmhainní Nádúrtha na tíre ar bhealach inbhuanaithe táirgiúil. Tá an earnáil seo ina foinse thábhachtach chruthaithe saibhris, go háirithe sa mhianadóireacht agus in iascaigh intíre, is foinse fostaíochta í agus rannchuidíonn sí go mór lenár leas geilleagrach agus lenár mbonn ioncaim.

## Mianraí



Is í Éire an táirgeoir miotail since, mar thiúchán, is mó san Eoraip agus soláthraíonn sí tuairim is 28% d'aschur iomlán since na hEorpa agus is í an 10ú táirgeoir is mó ar domhan í. Ba é €417 milliún luach earnáil mhianadóireachta na hÉireann in 2014, agus é tomhaiste de réir luach comhlán na táirgeachta miotail (luaidhe agus sinc).

Láidríodh ról rialála na Roinne in 2014 trí mhonatóireacht leanúnach ar ghníomhaíochtaí mianadóireachta agus comhlíonadh choinníollacha Léasanna agus Cheadúnais Mhianadóireachta an Stáit, lena n-áirítear cigireachtaí rialta fisiciúla ar oibríochtaí mianadóireachta, ar an dromchla agus faoin talamh, chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí, ar phleananna agus ar thaifid a bhaineann leis an mianadóireacht chun a chinntiú go bhfuiltear ag comhlíonadh théarmaí agus choinníollacha na léasanna agus na gceadúnas sin agus go bhfuiltear ag cloí le dea-chleachtas.

Laghdaigh an líon ceadúnais sirtheoireachta mianraí rud beag in 2014 go 639 ceadúnas amhail an 31 Nollaig, i gcomparáid le 661 ceadúnas ag deireadh 2013. Bhí na ceadúnais i seilbh meascáin leathain de chuideachtaí taiscéalaíochta dúchasacha agus de chuideachtaí móra taiscéalaíochta idirnáisiúnta. B'ionann an caiteachas díreach a d'infheistigh sealbhóirí ceadúnais sirtheoireachta i bhfeidhmiú na gceadúnas sin agus €15 mhilliún. Tugadh aitheantas arís do bheartais agus do chúrsaí riaracháin in Éirinn i dtaca le mianadóireacht i dtuarascáil tagarmharcála idirnáisiúnta ón Frazier Institute atá lonnaithe i gCeanada. Chuir an suirbhé bliantúil is deireanaí do 2014, bunaithe ar fhreagraí ón tionscal, Éire ar thús cadhnaíochta sa domhan i measc 112 dlínse as dea-bheartas mianadóireachta.

Fuarthas €6.448 milliún mar fháltais ó ghníomhaíochtaí taiscéalaíochta agus mianadóireachta in 2014. As sin, bhain €6.108 milliún le fáltais ó mhianadóireacht, agus bhain €0.340 milliún le táillí ceadúnais sirtheoireachta taiscéalaíochta. Fuarthas fáltais €0.25 milliún freisin ó aisíocaíochtaí a fuarthas ó chuideachta mhianadóireachta as íocaíocht cúiteamh príobháideach mianra.

## Taiscéalaíocht Ola agus Gáis Amach ón gCósta

In 2014 aistríodh sé Rogha Cheadúnúcháin a eisíodh faoi Bhabhta Ceadúnúcháin Imeall an Atlantaigh 2011 go ceadúnais iomlána taiscéalaíochta.

D'éirigh go han-mhaith leis an gcur chuige nuálach ar glacadh leis in 2011 maidir le Roghanna Ceadúnúcháin a thairiscint mar an t-údarú tosaigh, agus faoi dheireadh 2014, bhí 11 cheann de na 13 rogha cheadúnúcháin a bronnadh i ndiaidh Bhabhta 2011 aistrithe ina gceadúnais iomlána taiscéalaíochta.

Seoladh Babhta Ceadúnúcháin Imeall an Atlantaigh 2015 go foirmiúil in 2014, agus meastar go dtógfaidh sé sin ar an móiminteam a baineadh amach le Babhta 2011.

Osclaíonn Babhta 2015 le haghaidh cheadúnúchán gach imchuach thábhachtaigh Éireannaigh san Atlantach: Porcupine, Goban Spur, Ceann Léime, Erris, Dún na nGall agus Rocal. Dúnfar an Babhta i mí Mheán Fómhair 2015 a thugann dóthain ama do chuideachtaí taiscéalaíochta acmhainní a chur ar leataobh agus obair a thosú ar shonraí a mheasúnú, ionas gur féidir leo iarratais láidre a chur isteach.

### Athbhreithniú ar na téarmaí fioscacha a bhaineann le táirgeadh ola agus gáis

An 17 Meitheamh 2014 fuarthas faomhadh an Rialtais chun athbhreithniú ar dhéanamh ar théarmaí fioscacha na hÉireann d'ola agus do ghás ar aon dul leis an méid a mhol na comhairleoirí idirnáisiúnta fuinnimh Wood Mackenzie:


- Ba cheart d'Éirinn córas lamháltais a choinneáil go fóill, agus an tionscal seachas an Stát ag dul i riosca maidir le hinfheistiú sa taiscéalaíocht;
- Ba cheart don ráta speisialta cáin chorparáide atá i bhfeidhm ar tháirgeadh peitriliam fanacht ag 25%;
- Ba cheart go leanfaí ag cur cineál cáin bhrabúis táirgthe i bhfeidhm in Éirinn, ach ba cheart an cineál seo cánach a leasú i gcás na taiscéalaíochta a dhéantar faoi cheadúnais amach anseo;
- Ba cheart an cháin bhrabúis táirgthe a ghearradh ar bhonn an cheantair agus ba cheart an ráta a athrú ag brath ar bhrabúsacht an cheantair agus a ghearradh ar ghlanbhrabús gach ceantair;
- Ba cheart go mbeadh íos-íocaíocht ag ráta 5% san áireamh sa cháin bhrabúis táirgthe leasaithe, agus go bhfaigheadh an Stát sciar den ioncam gach bliain a dhíolann ceantar táirgeadh dá bharr; agus
- Ba cheart go mbeadh na rátaí cánach leasaithe níos airde ná an Cháin ar Chíos ó Acmhainn Bhrabúis atá i bhfeidhm faoi láthair. Bheadh uasráta 55% i bhfeidhm dá bharr i gcás ceadúnais nua, i gcomparáid leis an uasráta 40% atá i bhfeidhm faoin gcóras airgeadais reatha.

Oibreoidh an Roinn leis an Roinn Airgeadais agus leis na Coimisinéirí Ioncaim chun éifeacht oibríochtúil a thabhairt don chur chuige seo sa Bhille Airgeadais 2015 agus beidh an córas nua i

bhfeidhm i gcás na gceadúnas taiscéalaíochta amach anseo, iad siúd a bhronntar faoi Bhabhta Ceadúnúcháin Imeall an Atlantaigh 2015 san áireamh.

## Suirbhé Seismeach Réigiúnach

Cuireadh an comh-Shuirbhé Seismeach Réigiúnach idir an Roinn agus an Tionscal i gcrích in 2014, an suirbhé seismeach réigiúnach 2T is mó a rinneadh amach ón gcósta in Éirinn ina bhfuarthas os cionn 16,800 km de shonraí seismeacha fillte iomláin.




Cruthaíonn an suirbhé eangach réigiúnach de shonraí seismeacha 2T d'ardchaighdeán thar imchuacha teorann na hÉireann agus beidh spéis ar leith ag an Roinn, ag an tionscal agus ag taighdeoirí sna sonraí a fuarthas.

Ba cheart go léireodh ciallú na sonraí tuiscint níos fearr ar chórais peitriliam na hÉireann, go mbainfí an riosca a bhaineann le meastacháin ar chumas acmhainní agus ina theannta sin go gcuirfí ar chumas na Roinne agus an tionscail measúnú níos fearr a dhéanamh ar dheiseanna ceadúnúcháin sa todhchaí.

## Taiscéalaíocht agus Astarraingt Neamhghnách Gáis

Tá an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA), thar ceann an EPA agus na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, i dteannta Ghníomhaireacht Comhshaoil Thuaisceart Éireann (NIEA), tar éis conradh a bhronnadh ar fheadhnacht faoi stiúir CDM Smith Ireland Limited, a thabharfaidh faoi chlár taighde 24 mí ag breathnú ar na tionchair fhéideartha ar an gcomhshaol agus ar shláinte an duine ó oibríochtaí agus ó thionscadail taiscéalaíochta agus astarraingthe neamhghnáiche gáis (UGEE) (lena n-áirítear tógáil, oibriú agus iarchúram).

Cuimsítear cúig thionscadal idirnasctha sa Chlár Comhthaighde (JRP), a riarann an EPA, agus áireofar ann staidéir allamuigh (monatóireacht bhonnlíne ar uisce agus ar sheismeacht), chomh maith le léirbhreithniú fairsing deisce ar an litríocht ar chleachtais agus ar rialacháin UGEE ar fud na cruinne.

Dearadh an JRP chun an bonn eolaíochta a tháirgeadh, a chabhróidh le rialálaithe – ó Thuaidh agus ó Dheas – cinneadh eolach a dhéanamh an bhfuil sé sábháilte ó thaobh an chomhshaoil de cead a thabhairt do fhraiceáil. Chomh maith le taighde in Éirinn, breathnóidh an JRP ar fhianaise ó thíortha eile agus déanfaidh sé comparáid idir an fhianaise.

Ní dhéanfar aon chinneadh ar aon iarratas ar cheadúnas a mholann úsáid UGEE i ndruileáil taiscéalaíochta go dtí go gcuirtear an Clár Taighde i gcrích agus go raibh am ag an Rialtas agus ag páirtithe leasmhara eile breithniú a dhéanamh ar a thorthaí.

## Forbairt agus Taighde Geo-eolaíochta

Leanann Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann (GSI) ar aghaidh ag forbairt a róil sheanbhunaithe i soláthar sonraí, faisnéis agus uirlisí pleanála geolaíochta mar an Ghníomhaireacht Náisiúnta Geo-eolaíochta d'Éirinn, agus is í an phríomhghníomhaireacht í le haghaidh tionscnaimh shonracha éagsúla.




### INFOMAR

Is é INFOMAR an príomhchlár náisiúnta trína ndéantar ár gcríoch luachmhar mhuirí ar fad a léarscáiliú, ar críoch í atá beagnach deich n-uaire níos mó ná ár mórchríoch. Maoiníonn an Roinn an clár agus tugtar faoi i gcomhar le Foras na Mara. Léiríodh i staidéir sheachtracha gheilleagracha roimhe seo go bhfuil an toradh ar infheistíocht os cionn ceithre huaire níos mó ná costas na fála sonraí agus, go tábhachtach, go mbíonn an toradh seo le brath in earnálacha éagsúla, idir phoiblí agus phríobháideach, fiontair bheaga agus mheánmhéide agus eagraíochtaí taighde ina measc. In 2014, rinneadh léarscáiliú sa chlár ar os cionn 3,000km cearnach, lena n-áirítear Loch Súilí, Cuan Chnocán na Líne, Cuan an Fhóid Duibh, cainéil isteach an Chaoláire Rua, Iarthar an Chláir, Bá Thrá Lí agus amach ón gcósta ó Iarthar Chorcaí. Sheachaid INFOMAR dhá fheidhm bhreisluacha nua freisin, an Clár For-rochtana agus Forbartha Oideachais (EODP) do scoláirí san idirbhliain agus Treoir Tumadóireacht CFT INFOMAR, feidhmchlár don fhón chliste a bhaineann le turasóireacht an Ghormbhealaigh. Ní bhailítear na sonraí agus an t-eolas faoi chlár INFOMAR mar sprioc ann féin agus áirítear leis na réimsí atá ag úsáid na sonraí a fuarthas mar gheall ar an tionscadal: cairtiú/sábháilteacht mhara; fuinneamh amach ón gcósta; dobharshaothrú; cosaint an chósta; cosaint an chomhshaoil; taighde agus oidhreacht long báite.

### Tionscnaimh Gheo-eolaíochta

Sraith bearta dírithe iad seo a bhainistíonn GSI, chun tacú le pleanáil agus chun ról agus feidhm na Geo-eolaíochta in Éirinn a fhorbairt. Tugadh faoi chláir phíolótacha éagsúla in 2014 ar thionscadail nua ilbhliantúla fhéideartha, bunaithe ar éileamh na bpáirtithe leasmhara agus ar thacair shonraí atá ar fáil le déanaí. Áirítear leo sin léarscáiliú comhtháite talún, a thugann léarscáiliú geolaíoch dromchla agus níos doimhne le chéile mar fhreagairt ar thacair shonraí nua ó Tellus agus léarscáiliú 3T screamhuisce ar uiscígh choimpléacsúla i gcarstcheantair, ina bhfuil fadhbanna áirithe le caighdeán an uisce. Chomh maith leis sin, cuireadh Léarscáiliú So-ghabháltacht Sciorrtha Talún i gcrích i nDún na nGall, i dTiobraid Árann Theas, i Laois/Uíbh Fhailí agus i nGaillimh agus seoladh Eolaire Náisiúnta Cairéal nua agus amharcóir ar líne.

### Tellus

Is é Tellus an t-ainm a thugtar ar chlár córasach an bhailithe sonraí eolaíochta ar ithreacha, ar uisce agus



ar charraigeacha trí shampláil gheoiceimiceach ar an talamh agus trí shuirbhéanna geoifisiceacha ón aer. In 2013 cuireadh tionscadal Teorann Tellus a mhaoinigh an AE (INTERREG) i gcrích agus in 2014 fuarthas measúnú seachtrach ar an tionscadal a bhí thar a bheith dearfach. Tá faisnéis ón tionscadal ag cabhrú leis an gcomhshaol a bhainistiú agus le tacú le forbairt inbhuanaithe ár n-acmhainní nádúrtha. Ó eisíodh sonraí ó thionscadal Teorann Tellus, chonacthas méadú ar iarratais ar cheadúnas sirtheoireachta sa réigiún, agus bronnadh 49 ceadúnas Sirtheoireachta go nuige seo, a chuimsíonn caiteachas tiomanta suas go €1.5 milliún thar thréimhse sé bliana i ngeilleagar na hÉireann, ag daingniú poist d'ardscileanna agus infheistíocht san earnáil seo. Mar obair leantach ar an tionchar go nuige seo, agus mar fhreagairt ar iarratais ó pháirtithe leasmhara, cuireadh tús le tionscadal Lár Tíre Thuaidh Tellus sa Longfort, san Iarmhí agus i Ros Comáin in 2014.

## Geo-eolaíocht Éireann

I rith 2014, lean GSI ar aghaidh ag obair le Fiontraíocht Éireann chun cnuasach gnó Gheo-eolaíocht Éireann (GI) a fhorbairt. Aithnítear an gá atá leis na scileanna agus leis na seirbhísí a chuireann an pobal geolaíochta ar fáil a idirnáisiúnú agus méadaíodh an cnuasach go 22 cuideachta a fhostaíonn os cionn 1,200 duine le láimhdeachas os cionn €150 milliún. Tá na ballchuideachtaí tar éis os cionn 110 post nua a chur ar fáil go nuige seo agus oibríonn siad in os cionn 50 tír.

## Taighde

Leanann GSI ar aghaidh ag tacú le taighde Geo-eolaíochta trí sholáthar sonraí, trí chomhpháirtíocht agus trí chúnamh airgeadais. In 2014 tháinig deireadh nach mór le clár ilbhliantúil Taighde Geo-eolaíochta Griffith agus tuairiscíodh air ag an gComhdháil Geo-eolaíochta 2014. I rith na bliana lean GSI ar aghaidh ag obair le hinstitiúidí geo-eolaíochta tríú leibhéal, leis an tionscal agus leis an Roinn maidir le Clár Lárionad Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, agus d'éirigh léi maoiniú a fháil do Lárionad na hÉireann do Thaighde i nGeo-eolaíochtaí Feidhmeacha (iCRAG). Bronnadh maoiniú €18 milliún ar an lárionad, a bheidh faoi stiúir UCD, chomh maith le €8 milliún breise ó chomhpháirtithe tionscail ar feadh tréimhse sé bliana go deireadh 2020 agus measfar go n-imreoidh sé tionchar suntasach ar gheo-eolaíocht na hÉireann agus ar a tionchar sochaíoch.

## Iascaigh Intíre



Lean an Roinn ar aghaidh ag cur beartas Rialtais i bhfeidhm chun bainistíocht an iascaigh bradáin fhiáin a thabhairt ar aon dul le comhairle eolaíochta agus chuige seo tugadh isteach 16 fhodhlí agus trí Ionstraim Reachtúla. Bhí naoi gcinn de na fodhlíthe sonrach d'abhainn, ag cur leibhéil stocála ar leith na n-aibhneacha san áireamh. Cuireadh sraith rialachán i bhfeidhm faoi dheireadh 2014 roimh shéasúr bradán 2015.

Leanadh ar aghaidh le feidhmiú phlean náisiúnta bainistíochta na n-eascann, chun cloí le Rialachán 1100/2007 ó Chomhairle an AE, lena n-áirítear oibríochtaí chun breith ar eascanna i ngaiste agus iad a iompar thart ar hidrea-stáisiúin BSL ar an tSionainn, ar an Laoi agus ar an Éirne agus tabhairt faoi shampláil eolaíochta mar a fhoráiltear di sa phlean.

D'fheidhmigh an Roinn rialachas corparáide ar Iascach Intíre Éireann agus ar an nGníomhaireacht Lochanna (tríd an gComhairle Aireachta Thuaidh/Theas) ag cinntiú gur comhlíonadh cóid ábhartha cleachtais, gur cloíodh le próifílí buiséid agus gur baineadh amach na ceanglais faoi na hachtanna ábhartha agus faoin gCód Cleachtais do Rialachas Cuideachtaí Stáit.

D'oibrigh an Roinn go dlúth le hIascach Intíre Éireann in 2014 chun dul chun cinn leanúnach a chinntiú ar éifeachtúlachtaí, ar chuíchóiriú réadmhaoine, agus ar nuálaíochtaí i dtéarmaí cosaint iascach chun éifeachtacht in úsáid acmhainní a mhéadú. Maidir le cuíchóiriú réadmhaoine, d'aistrigh Iascach Intíre Éireann go dtí a cheanncheathrú nua in Iarthar na Cathrach i mí Aibreáin 2014 chun leanúint leis an straitéis imeacht ó léasanna fadtéarmacha costasacha, ar aon dul le beartas an Rialtais agus cuíchóiriú oibríochtaí. Meastar go nginfidh an t-aistriú seo coigilteas €0.7 milliún in aghaidh na bliana ar chíos agus ar chostais reatha eile.

Mar aitheantas ar an ngá atá le hathrú ó bhonn ar an reachtaíocht a rialaíonn earnáil na n-iascach intíre, lean an Roinn ar aghaidh le hathbhreithniú mionsonraithe ar na hAchtanna um Iascach 1959-2010, mar aon le réimse leathan reachtaíochta tánaistí lena mbaineann, ag féachaint le reacht nua-aimseartha amháin a tháirgeadh don earnáil.

D'fhreastail an tAire agus an tAire Stáit ar thrí chruinniú den Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas, Earnáil Dobharshaothraithe agus Mara faoina bhfeidhmíonn Gníomhaireacht Lochanna an Fheabhail agus Chairlinn agus Coimisiún Soilse na hÉireann faoi chomh-urraíocht na Roinne.

# Sprioc Ardleibhéil – Gnóthaí Corparáideacha agus Airgeadais

*Cultúr ina mbeadh luach ar airgead á fheidhmiú agus á chur chun cinn agus measúnú leanúnach á dhéanamh ar fheidhmíocht ar bhealach intomhaiste, trédhearcach agus cuntasach. An fhoireann a fhorbairt agus an clár oibre leasaithe seirbhíse poiblí a sheachadadh agus ag an am céanna seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar dár gcustaiméirí agus geallsealbhóirí.*

## Acmhainní Daonna

### Acmhainní Daonna Straitéiseacha

I mí na Samhna 2014, bhog na feidhmeanna acmhainní daonna trasghníomhaíochta ón Roinn go dtí an lárionad seirbhísí roinnte d’acmhainní daonna, PeoplePoint. D’éirigh leis an aistriú agus ba bheag an cur isteach ar an ngnó laethúil, agus bunaíodh caidreamh maith oibre idir an Roinn agus PeoplePoint. Cuireadh tús le hathmhúnlú acmhainní daonna chun na feidhmeanna coinnithe a chur san áireamh chomh maith le cur chuige níos straitéisí chun tacú leis an lucht bainistíochta agus leis an bhfoireann a gcuspóirí gnó a bhaint amach. Beidh forbairt straitéis nua d’acmhainní daonna ina príomhchuid de seo.

### Struchtúr Eagrúcháin

I rith 2014, thug an Roinn faoi athbhreithniú acmhainne, a raibh de chuspóir aige a chinntiú go bhfuil an struchtúr agus na socruithe eagrúcháin cuí i bhfeidhm sa Roinn chun tacú le riachtanais an Rialtais, na nAirí agus na bpáirtithe leasmhara agus chun ár bpríomhthosaíochtaí gnó a sheachadadh go héifeachtach agus go héifeachtúil. Rinneadh imscrúdú san Athbhreithniú ar ár dteist seachadta seirbhíse reatha, ar dheiseanna chun í a fheabhsú agus ar na srianta a chuireann bac ar na deiseanna sin a thapú. Díríodh ar théamaí straitéise, struchtúir, daoine/acmhainne, cumarsáide agus seirbhísí tacaíochta agus bhí rannpháirtíocht fhorleathan le foireann na Roinne agus le páirtithe leasmhara seachtracha ina chuid de.

Forbraíodh Plean Gníomhaíochta mar fhreagra ar an athbhreithniú, agus é d’aidhm ag an bPlean aghaidh a thabhairt ar mholtaí an athbhreithnithe go fónta. Bhain ceann de na moltaí sin le hathstruchtúrú na Roinne agus le hais-innealtóireacht na bpróiseas inmheánach cinnteoireachta agus cumarsáide mar aon le bunú feidhme do Cheann Rialachais agus Oibríochtaí chun tacú le seachadadh feabhsaithe thar réimse clár. Cuireadh tús leis na hathruithe struchtúrtha riachtanacha a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach. Bunaíodh Aonad Forbartha Straitéisí agus Cumarsáide nua chun maoirsiú a dhéanamh ar fheidhmiú an phlean gníomhaíochta agus chun tacú le feidhmiú an dula chun cinn faoin bPlean um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí agus lena chur in iúl.

Sainaithníodh san athbhreithniú freisin an gá atá le hacmhainn bhreisithe i bpríomhréimsí speisialtóra chun a chinntiú gur féidir leis an Roinn seachadadh go hiomlán i réimsí beartais, reachtaíochta agus seachadta oibríochta agus gur féidir léi a bheith rannpháirteach go hiomlán agus go réamhghníomhach sna hearnálacha straitéiseacha as a bhfuil sí freagrach. Chuir an Roinn tús le hobair ar cheapachán agus ar earcú na n-acmhainní sin.

## Pleanáil don Líon Lucht Oibre

Cuireadh an Plean don Líon Lucht Oibre 2014 i gcrích agus cuireadh faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER) é. Tá an Roinn ina comhalta den Líonra Pleanála don Líon Lucht Oibre, a eagraíonn DPER, agus cinntíonn sé sin go gcloítear le dea-chleachtas maidir leis an ngníomhaíocht thábhachtach seo.

## Bainistiú Acmhainní

Tá an Roinn tar éis 45 áit intéirneachta a chur ar fáil go nuige seo agus ghlac sí le 11 intéirneach in 2014 faoi scéim JobBridge FÁS. Leanfaidh an Roinn ar aghaidh ag treisiú na scéime seo. Líon an Roinn ceithre phost trí ath-imlonnú in 2014 freisin. Ina theannta sin tá cur chuige réamhghníomhach ag an Roinn le comhlachtaí eile san earnáil phoiblí, ag tógáil foirne le cáilíochtaí speisialaithe chun oibriú i struchtúir thrasfhoirne chun na tionscadail níos casta a bhfuil práinn leo a sheachadadh.

## Clár Scileanna

Moltar don fhoireann a n-ionchur ar an gClár Scileanna a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta agus úsáidtear na sonraí mar bhonn eolais do chinnteoireacht le haghaidh saincheisteanna ar nós soghluaisteacht inmheánach. Mar chuid de chur i gcrích na timthrialla Bainistíochta Feidhmíochta 2014, eisíodh iarratas chuig an bhfoireann ag iarraidh orthu na cáilíochtaí agus na scileanna a fuair siad le déanaí a thabhairt cothrom le dáta do 2014.

## Ceannaireacht/Feidhmíocht Aonair

Ba é 96% an ráta comhlánaithe don chóras bainistíochta agus forbartha feidhmíochta laistigh den Roinn in 2014.

Toisc gur aithníodh calabrú mar uirlis thábhachtach feidhmíochta laistigh den Roinn, leithdháileadh acmhainní suntasacha ar thabhairt isteach an chalabraithe ar bhonn píolótach in 2013. De bharr chomh sásta is a bhí siad siúd a bhí páirteach ann leis an bpróiseas agus de bharr an aiseolais cháilíochtúil a thug le fios gur chreid siad gur cleachtadh luachmhar é, leanadh ar aghaidh leis an gcleachtadh calabraithe mar chuid de shamhail an chórais bainistíochta agus forbartha feidhmíochta sa Roinn seo in 2014.

## Beartas Bainistíochta Tinrimh

Nuashonraíodh Beartas Bainistíochta Tinrimh na Roinne chun tabhairt isteach na Rialachán nua um Bainistiú na Seirbhíse Poiblí (Saoire Bhreoiteachta) a léiriú. De bharr na bainistíochta réamhghníomhaí ar an tsaoire bhreoiteachta agus tabhairt isteach teorainneacha nua le saoire bhreoiteachta, lean an treocht anuas sa ráta saoire bhreoiteachta ar aghaidh agus bhain an Roinn ráta ama caillte 2.6% amach le haghaidh 2014, atá i bhfad laistigh den spriocráta foriomlán 3.5% le haghaidh neamhláithreachta sa Státseirbhís.

## TFC

Lean an Roinn ar aghaidh ag roinnt seirbhísí TFC leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus ag roinnt seirbhísí párolla leis an Roinn Airgeadais.

Cuireadh tús le forbairt Phlean Cumarsáide Digití na Roinne in 2014. Cuimsítear sa phlean sin forbairt suíomh gréasáin nua, athnuachan bhranda na Roinne agus straitéis nua do na meáin shóisialta a chur i dtoll a chéile.

Bhunaigh Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann taisce chuimsitheach cáipéisí a chuirfidh na cáipéisí sin ar fáil don phobal trí fhorbairt na feidhme GOLDMINE. Tacaíonn sé seo le beartas an Rialtais i leith 'sonraí oscailte'. Tá an fhorbairt ar bun faoi láthair agus cuirfear i gcrích í sa chéad ráithe de 2015.

Thóg an Tionscadal Náisiúnta um Léarscáiliú Leathanbhanda (feic www.broadband.gov.ie) faisnéis faoi chlúdach leathanbhanda a chuir an tionscal ar fáil agus sheachaid sé léarscáileanna gréasáin inmheánacha a léiríonn réimse clúdaigh soláthraithe aonair agus staitisticí mionsonraithe le haghaidh anailíse. Tá an léarscáil agus an tseirbhís léarscáilithe beo ó mhí na Samhna 2014.

Cuireadh Amharcóir Poiblí nua leis an gcóras Gnóthaí Peitriliam Comhtháite (IPAS) agus tá sé beo ón gcéad ráithe in 2014. Bhí an t-aiseolas a fuarthas ó chustaiméirí seachtracha go maith. Sa tríú ráithe uasghrádaíodh comhpháirt na léarscáile gréasáin chun teacht in oiriúint le teicneolaíocht Amharcóir Poiblí IPAS.

Forbraíodh an feidhmchlár eSubmission agus seoladh é i mí Mheán Fómhair 2014. Rianaíonn an feidhmchlár seo aighneachtaí go leictreonach agus bainistíonn sé iad ón gcéad dréacht go dtí breithniú agus faomhadh an Choiste Bainistíochta agus an Aire.

## Airgeadas

Ba é €424.743 milliún an tOll-Chaiteachas do 2014, a mhaoinigh bearta tábhachtacha i réimsí na Cumarsáide, an Chraolacháin agus Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha. Léirigh sé seo coigilteas €15.263 milliún nó 3.5% den leithdháileadh buiséid.

## Forléargas ar Úsáid Fuinnimh in 2014

In 2014, d'ídigh an Roinn 2,997,561kWh fuinnimh ar laghdú 12.2% ar ídiú fuinnimh é thar an tréimhse bhonnlíne 2006-2008.

Déanann an Roinn a dícheall coigilteas fuinnimh a bhaint amach go leanúnach agus leanann sí lena hidirghníomhaíochtaí le hOifig na nOibreacha Poiblí agus le SEAI ina leith seo. Déantar monatóireacht ar ídiú fuinnimh go leanúnach trí thuairiscí úsáide chun aon diomailt fuinnimh a shainaithint. Tá sé d'aidhm ag bainistíocht réamhghníomhach na gcóras bainistíochta foirgnimh intí a chinntiú go mbaintear amach an t-ídiú fuinnimh is éifeachtaí. Spreagann rannpháirtíocht na Roinne i bhfeachtas éifeachtúlacht fuinnimh Oifig na nOibreacha Poiblí "An Chumhacht á Barrfheabhsú @ an Obair" feasacht ar éifeachtúlacht fuinnimh trí mheabhrúcháin rialta a sheoladh tríd an líonra ríomhphoist agus ar phostálacha chlár na bhfógraí.

## An tOifigeach Gaeilge – Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Cheap an Roinn Oifigeach Gaeilge i mí an Mhárta 2013. De réir fhorálacha Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, tá Scéim i bhfeidhm ag an Roinn ina sonraítear na seirbhísí a chuirtear ar

fáil i nGaeilge. Mar chuid dá bheartas seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge, foilsíonn an Roinn na foilseacháin chorparáideacha ar fad i nGaeilge agus i mBéarla, lena n-áirítear a Ráiteas Straitéise, an Tuarascáil Bhliantúil, cáipéisí ina leagtar amach moltaí beartais, agus foilseacháin eile ar nós treoirlínte, bileoga eolais agus foirmeacha iarratais. Sampla de seo í an Bhileog Eolais faoi Shuirbhéireacht Gheolaíochta Éireann (GSI) ó 2012 atá ar fáil i nGaeilge. Tá suíomhanna gréasáin comhuaineacha Gaeilge agus Béarla ag an Roinn ar a bhfuil eolas ginearálta agus eolas faoi na seirbhísí a chuirtear ar fáil, agus tá sí ag forbairt suíomh gréasáin níos sruthlínithe a bheidh dátheangach. Tá an Roinn tiomanta fós d’fhorbairt scileanna Gaeilge a spreagadh i ngach réimse den Roinn.

Roinn Cumarsáide, Fuinnimh & Acmhainní Nádúrtha
Department of Communications, Energy & Natural Resources

# Aguisín A: Struchtúr na Roinne ag deireadh na bliana 2014

MARK GRIFFIN

AN tARD-RÚNAÍ

| **KATHERINE LICKEN** | **KEN SPRATT** | **MICHAEL MANLEY** | **EAMONN MOLLOY** |
|---|---|---|---|
| RÚNAÍ CÚNTA | RÚNAÍ CÚNTA | RÚNAÍ CÚNTA | RÚNAÍ CÚNTA |
| Beartas Cumarsáide agus an tSochaí Eolais<br><br>Cumarsáid, Gnó agus Teicneolaíocht<br><br>Forbairt Cumarsáide | Éifeachtúlacht agus Incheannaitheacht Fuinnimh<br><br>Rialáil Leictreachais agus Gáis<br><br>Leictreachas Corparáideach agus Pleanáil Fuinnimh<br><br>Deimhneacht Ola agus Rialachas Corparáideach Fuinnimh<br><br>Fuinneamh In-Athnuaite agus Inbhuanaithe<br><br>Oifig an Phríomh-Chomhairleora Theicniúil | Tacaíocht Chorparáideach<br><br>Gnóthaí Airgeadais agus Corparáideacha<br><br>Iniúchadh Inmheánach<br><br>Iascaigh Intíre<br><br>Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann<br><br>Taiscéalaíocht agus Mianadóireacht<br><br>Gnóthaí Peitriliam | Acmhainní Daonna<br>Córais Faisnéise<br>An Preas<br>Cúrsaí Poist<br>Beartas Craolacháin<br>Cúrsaí Trasmheán<br>An tAonad Eacnamaíochta<br>An tAonad Dlí<br>Oifig na Gaeilge |


# Aguisín B: Vóta 29 – Meastacháin agus Caiteachas 2014

| Fotheideal | Meastachán €000 | Caiteachas €000 |
|---|---|---|
| **CUMARSÁID** | | |
| A.1 - Riarachán: Pá | 3,891 | 3,758 |
| A.2 - Riarachán: Neamhphá | 2,627 | 2,107 |
| A.3 - Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide | 32,001 | 31,770 |
| A.4 - Forbairtí Ilmheán | 5,800 | 6,123 |
| A.5 - Sochaí Faisnéise & Ríomhchuimsiú | 6,852 | 2,144 |
| A.6 - Ciste do Bhainistíocht Athruithe | 1 | - |
| A.7 - Seirbhísí Eile | 501 | - |
| Fo-iomlán | 51,673 | 45,902 |
| **CRAOLADH** | | |
| B.1 - Riarachán: Pá | 860 | 830 |
| B.2 - Riarachán: Neamhphá | 464 | 373 |
| B.3 - Deontas do RTÉ | 181,074 | 178,828 |
| B.4 - Íocaíocht leis An bPost | 12,457 | 11,063 |
| B.5 - Deontas do TG4 | 34,283 | 34,283 |
| B.6 - Ciste Craolacháin | 14,354 | 14,156 |
| Fo-iomlán | 243,492 | 239,533 |
| **FUINNEAMH** | | |
| C.1 - Riarachán: Pá | 4,165 | 4,021 |
| C.2 - Riarachán: Neamhphá | 1,807 | 1,456 |
| C.3 - Riarachán agus Costais Ghinearálta SEAI | 7,555 | 6,996 |
| C.4 - Cláir Fuinnimh Inbhuanaithe (tabhairt ar aghaidh chaipitiúil san áireamh) | 64,737 | 63,802 |
| C.5 - Cláir Taighde Fuinnimh | 11,040 | 10,021 |
| C.6 - Bonneagar Straitéiseach Fuinnimh | - | - |
| C.7 - Seirbhísí Gáis | 32 | 31 |
| C.8 - Íocaíochtaí le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta | 240 | 150 |
| Fo-iomlán | 89,576 | 86,477 |
| **ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA** | | |
| D.1 - Riarachán: Pá | 5,552 | 5,361 |
| D.2 - Riarachán: Neamhphá | 3,190 | 2,193 |
| D.3 - Seirbhísí Peitriliam | 641 | 374 |
| D.4 - Seirbhísí Mianadóireachta | 3,685 | 1,302 |
| D.5 - Seirbhísí GSI | 540 | 572 |
| D.6 - Tionscnaimh Gheo-eolaíochta | 2,984 | 4,336 |
| D.7 - An tSuirbhéireacht Náisiúnta ar Ghrinneall na Farraige | 3,000 | 3,048 |
| D.8 - Suirbhéireacht Ordanáis Éireann | 7,415 | 7,315 |
| D.9 - Íocaíochtaí le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta | 135 | 120 |
| Fo-iomlán | 27,142 | 24,621 |

| Fotheideal | Meastachán €000 | Caiteachas €000 |
|---|---|---|
| **IASCAIGH INTÍRE** | | |
| E.1 - Riarachán: Pá | 883 | 852 |
| E.2 - Riarachán: Neamhphá | 399 | 320 |
| E.3 - Iascaigh Intíre | 26,841 | 27,038 |
| Fo-iomlán | 28,123 | 28,210 |
| **Olliomlán** | **440,006** | **424,743** |
| **LEITHREASAÍ I gCABHAIR** | | |
| F.1 - Fáltais ó Fhíneálacha agus ó Fhorghéilleadh de bharr Coireanna Iascaireachta | 50 | 19 |
| F.2 - Fáltais ó Mhianraí agus ó Pheitriliam | 11,550 | 9,400 |
| F.3 - Grúpa Tacaíochta um Bonneagar Peitriliam | 437 | 297 |
| F.4 - Táillí Ceadúnais Craolacháin | 217,130 | 213,293 |
| F.5 - Fáltais ó Shuirbhéireacht Gheolaíochta | 415 | 1,081 |
| F.6 - Cíos ar Áitribh in Ard-Oifig an Phoist | 223 | 78 |
| F.7 - Seirbhís Freagartha Glaonna Éigeandála | 250 | - |
| F.8 - Fáltais Ilghnéitheacha | 2,888 | 2,831 |
| F.9 - Fáltais ó Asbhaint a Bhaineann le Pinsin | 4,057 | 3,797 |
| Iomlán le haghaidh Leithreasaí i gCabhair | 237,000 | 230,796 |
| **Iomlán Glan** | **203,006** | **193,947** |

| **Achoimre ar Chaiteachas Sealadach 2014** | |
|---|---|
| **CLÁR** | **Caiteachas €000** |
| Cumarsáid | 45,902 |
| Craoladh | 239,533 |
| An Earnáil Fuinnimh | 86,477 |
| Acmhainní Nádúrtha | 24,621 |
| Iascaigh Intíre | 28,210 |
| **Iomlán** | **424,743** |

# Caiteachas Sealadach 2014



# Aguisín C: Reachtaíocht

### Achtanna Achtaithe agus Billí Eile:

**ACHTANNA:**

An tAcht um BSL (Gréasáin Chumarsáide Leictreonaí) 2014.

[Is é príomhchuspóir an Achta seo foráil do bhunús dlí soiléir chun cur ar chumas BSL bonneagar cumarsáide leictreonaí a shuiteáil ar a líonra leictreachais nó ligean do dhreamanna eile sin a dhéanamh.]

### Billí a ndearnadh dul chun cinn ina leith nó a tionscnaíodh:

- An Bille Forbartha Mianraí
- An Bille um Fhorbairt Fuinnimh Gheoiteirmigh

**IONSTRAIMÍ REACHTÚLA**
**Rinneadh na hIonstraimí Reachtúla seo a leanas sa bhliain 2014:**

| I.R. Uimh. | TEIDEAL |
|---|---|
| 18 de 2014 | An tOrdú um Bord Soláthair an Leictreachais (Aoisliúntas) 2014 |
| 82 de 2014 | An tOrdú um Fhochuideachtaí Bhord Gáis Éireann (Díscaoileadh) 2014 |
| 131 de 2014 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (an Scéim Oibleagáidí um Éifeachtúlacht Fuinnimh) 2014 |
| 132 de 2014 | An tOrdú chun Iascaireacht Bradán a Rialú 2014 |
| 145 de 2014 | An tOrdú fán Acht um Rialú Gáis 2013 (Cuid 1, Cuid 3 agus Alt 38(d)) (Tosach Feidhme) 2014 |
| 208 de 2014 | An tOrdú fán Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (Luathaithe i leith Trealaimh atá Éifeachtúil ó thaobh Fuinnimh de) (Leasú) (Uimh. 1) 2014 |
| 229 de 2014 | An tOrdú fán Acht um Rialú Gáis 2013 (Cuid 5 go Cuid 12) (Tosach Feidhme) 2014 |
| 279 de 2014 | Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Stóráil Gheolaíoch Dé-Oscaíde Carbóin) (Leasú) 2014. |
| 286 de 2014 | An tOrdú fán Acht um BSL (Gréasáin Chumarsáide Leictreonaí) (Tosach Feidhme) 2014 |
| 287 de 2014 | An tOrdú um Ainm Bhord Gáis Éireann a Athrú go Ervia (An Lá Ceaptha) 2014 |
| 301 de 2014 | Na Rialacháin um Scéim Chlibeála na mBradán Fiáin agus na mBreac Geal (Leasú) 2014 |
| 351 de 2014 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Lipéadú Fuinnimh) (Leasú) 2014 |
| 363 de 2014 | Na Rialacháin Iascaigh Intíre (Fógra Muirir Sheasta) 2014 |

| | |
|---|---|
| 426 de 2014 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Éifeachtúlacht Fuinnimh) 2014 |
| 480 de 2014 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Sláine agus Trédhearcacht an Mhargaidh Mórdhíola Fuinnimh) 2014 |
| 482 de 2014 | An tOrdú fán Acht um Fhuinneamh Inmharthana 2002 (Feidhmeanna Breise a Thabhairt - Fuinneamh Inathnuaite) (Leasú) 2014 |
| 483 de 2014 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Fuinneamh Inathnuaite) 2014 |
| 538 de 2014 | An tOrdú fán Acht um Rialú Gáis 2013 (Cuid 13 go Cuid 20) (Tosach Feidhme) 2014 |
| 542 de 2014 | Ordú fán Acht Craolacháin 2009 (Alt 130(1)(a)(iv) Ainmniú) 2014 |
| 578 de 2014 | Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Praghsanna Leictreachais agus Gáis Nádúrtha a ghearrtar ar Chustaiméirí Tionscail a Thuairisciú) 2014 |
| 579 de 2014 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Fógairt Tionscadail Infheistíochta i mBonneagar Fuinnimh) 2014 |
| 603 de 2014 | An tOrdú fán Acht um Rialáil Leictreachais 1999 (Oibleagáidí Seirbhíse Poiblí) 2014 |
| 605 de 2014 | An tOrdú fán Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (Luathaithe i leith Trealaimh atá Éifeachtúil ó thaobh Fuinnimh de) (Leasú) (Uimh. 2) 2014 |
| 610 de 2014 | Na Rialacháin um Scéim Chlibeála na mBradán Fiáin agus na mBreac Geal (Leasú) (Uimh. 2) 2014 |

FODHLÍTHE IASCAIGH INTÍRE

| Uimhir Fodhlí | Teideal |
|---|---|
| 917 | An Fodhlí um Chaomhnú Bradán agus Breac Geal (Abhainn Uaithne) Uimh. 917 2014 |
| 918 | An Fodhlí um Chaomhnú Bradán agus Breac Geal (An tSionainn) (Gabháil agus Scaoileadh) Uimh. 918 2014 |
| 919 | An Fodhlí um Chaomhnú Bradán agus Breac Geal (An Fhéil lena n-áirítear an Gháile agus an Bhruic) Uimh. 919 2014 |
| 920 | An Fodhlí um Chaomhnú Bradán agus Breac Geal (An Fheoir) Uimh. 920 2014 |
| 922 | An Fodhlí um Chaomhnú Bradán agus Breac Geal (An tSiúir) Uimh. 922 2014 |
| 923 | An Fodhlí um Chaomhnú Bradán agus Breac Geal (An tSláine) Uimh. 923 2014 |
| 924 | An Fodhlí um Chaomhnú Bradán agus Breac Geal (Líonta Tarraingthe agus Scioblíonta) Uimh. 924 2014 |
| C.S. 317 | An Fodhlí um Chaomhnú Bradán agus Breac (Dúiche Loch Garman) Uimh. C.S. 317 2014 |
| 925 | An Fodhlí um Chaomhnú Bradán agus Breac Geal (An Fhéil lena n-áirítear an Gháile agus an Bhruic) (Uimh. 2) Uimh. 925 2014 |
| 927 | An Fodhlí um Chaomhnú Bradán agus Breac Geal (Fadú ar an Séasúr Scioblíonta) Uimh. 927 2014 |
| 928 | An Fodhlí um Chaomhnú Bradán agus Breac Geal (Teorainneacha Gabhála) Uimh. 928 2014 |
| 929 | An Fodhlí um Chaomhnú Bradán agus Breac Geal (Gabháil agus Scaoileadh) Uimh. 929 2014 |
| 930 | An Fodhlí um Shlatiascaireacht Uimh. 930 2014 |
| 931 | An Fodhlí um Chaomhnú Breac Geal Uimh. 931 2014 |
| 932 | An Fodhlí um Chaomhnú Bradán agus Breac Geal (An tSiúir) Uimh. 932 2014 |
| C.S. 318 | An Fodhlí um Chaomhnú Bradán agus Breac Geal (Aibhneacha Dúnta) Uimh. C.S. 318 2014 |

# Aguisín D: Údaruithe Peitriliam a deonaíodh

Bhí 65 údarú peitriliam san iomlán ar marthain an 31 Nollaig 2014: Áirítear orthu sin

- 3 Léas Peitriliam
- 18 Rogha Cheadúnúcháin (a raibh 5 cinn díobh ina n-ábhar d'iarratais iardain),
- 30 Ceadúnas Taiscéalaíochta (a raibh 4 cinn díobh ina n-ábhar d'iarratais iardain),
- 14 Cheadúnas Sirtheoireachta Peitriliam

Deonaíodh 15 údarú nua sa bhliain 2014. Áiríodh leo sin sé Cheadúnas Taiscéalaíochta Teorann, ceithre rogha cheadúnúcháin amach ón gcósta agus cúig cheadúnas sirtheoireachta peitriliam. Tá sonraí faoi na húdaruithe nua leagtha amach sa tábla seo a leanas:

| Uimh. an Údaraithe | An Cineál Údaraithe | Ceadúnaí | Limistéar |
|---|---|---|---|
| **PPL1/14** | Ceadúnas Sirtheoireachta Peitriliam | Excalibur Exploration Ltd | Amach ó Chósta na hÉireann |
| **PPL2/14** | Ceadúnas Sirtheoireachta Peitriliam | Polarcus MC Limited | Amach ó Chósta na hÉireann |
| **PPL3/14** | Ceadúnas Sirtheoireachta Peitriliam | Capricorn (Ireland) Ltd | Amach ó Chósta na hÉireann |
| **PPL4/14** | Ceadúnas Sirtheoireachta Peitriliam | Seabird Exploration Multi-Client Ltd | Amach ó Chósta na hÉireann |
| **PPL5/14** | Ceadúnas Sirtheoireachta Peitriliam | Searcher Seismic PTY Ltd | Amach ó Chósta na hÉireann |
| **LO14/1** | Rogha Cheadúnúcháin | Faroe Petroleum (U.K.) Limited | Amach ó Chósta na hÉireann |
| **LO14/2** | Rogha Cheadúnúcháin | Faroe Petroleum (U.K.) Limited | Amach ó Chósta na hÉireann |
| **LO14/3** | Rogha Cheadúnúcháin | Faroe Petroleum (U.K.) Limited | Amach ó Chósta na hÉireann |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **LO14/4** | Rogha Cheadúnúcháin | Trans International Oil Exploration<br>Thesus Limited | Amach ó Chósta na hÉireann |
| **FEL1/14** | Ceadúnas Taiscéalaíochta Teorann | Capricorn Ireland Limited<br>Providence Resources Plc<br>Chrysaor E&P Ireland Limited<br>Sosina Exploration Limited | Amach ó Chósta na hÉireann |
| **FEL2/4** | Ceadúnas Taiscéalaíochta Teorann | Providence Resources Plc<br>Sosina Exploration Limited | Amach ó Chósta na hÉireann |
| **FEL3/14** | Ceadúnas Taiscéalaíochta Teorann | Woodside Energy (Ireland) Pty Ltd<br>Petrel Resources Plc | Amach ó Chósta na hÉireann |
| **FEL4/14** | Ceadúnas Taiscéalaíochta Teorann | Woodside Energy (Ireland) Pty Ltd<br>Petrel Resources Plc | Amach ó Chósta na hÉireann |
| **FEL5/14** | Ceadúnas Taiscéalaíochta Teorann | Woodside Energy (Ireland) Pty Ltd<br>Strike Oil Ltd. | Amach ó Chósta na hÉireann |
| **FEL6/14** | Ceadúnas Taiscéalaíochta Teorann | Providence Resources Plc<br>Sosina Exploration Limited | Amach ó Chósta na hÉireann |

# Aguisín E: Comhlachtaí faoi Choimirce na Roinne

Tá freagracht ar an Roinn i leith 18 gcomhlacht Stáit de chineál tráchtála, neamhthráchtála agus rialála, mar atá leagtha amach thíos.

| COMHLACHT | PRÍOMHRÓL |
|---|---|
| **CUMARSÁID** | |
| **An Post** | Soláthróir náisiúnta sheirbhísí poist na hÉireann. |
| **An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide** | Is faoi ComReg atá cúraimí rialála an mhargaidh cumarsáide in Éirinn. Tá ComReg freagrach as na líonraí tarchuir de gach cineál, ó sheirbhís sreinge teileafóin traidisiúnta go hoibreoirí a sholáthraíonn seirbhísí teilifíse agus ó líonraí fón póca go seirbhís poist. |
| **An Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach** | Bunaíodh é faoin Acht um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003 chun formhaoirsiú a dhéanamh ar an Mol Digiteach. |
| **CRAOLADH** | |
| **Raidió Teilifís Éireann** | An craoltóir náisiúnta seirbhíse poiblí, ar comhlacht neamhspleách reachtúil é. |
| **TG4** | Is é TG4 an craoltóir náisiúnta seirbhíse poiblí Gaeilge, agus is comhlacht neamhspleách reachtúil é. |
| **Údarás Craolacháin na hÉireann (ÚCÉ)** | Bunaíodh Údarás Craolacháin na hÉireann (ÚCÉ) an 1 Deireadh Fómhair 2009 mar rialálaí neamhspleách le haghaidh craoltóirí raidió agus teilifíse in Éirinn. Tá raon cuspóirí agus feidhmeanna éagsúla ag ÚCÉ. Agus a fheidhmeanna á gcur i gcrích, tá freagracht ar ÚCÉ as a chinntiú go mbíonn a chur chuige i leith rialála réasúnta agus go gcuirtear raon agus cineál na seirbhísí craolacháin in Éirinn san áireamh. Tá freagracht ar ÚCÉ as a chinntiú go mbíonn an rialáil craolacháin cobhsaí. Ina theannta sin, tá ról ag an Údarás i dtaca le forbairt teicneolaíochta a spreagadh san earnáil chraolacháin. |

| COMHLACHT | PRÍOMHRÓL |
|---|---|
| **FUINNEAMH** | |
| **Bord Soláthair an Leictreachais** | Is corparáid reachtúil é BSL a bunaíodh faoin Acht Leictreachais (Soláthar) 1927. Is fóntas é BSL atá comhtháite go hingearach agus a ghabhann do ghiniúint, do tharchur, do dháileadh agus do sholáthar leictreachais. Tar éis an tAcht Leictreachais (Soláthar) (Leasú) 2001 a achtú rinneadh scéim scairshealbhaíochta fostaithe 5% a chur i bhfeidhm. |
| **EirGrid plc** | Bunaíodh EirGrid plc chun feidhmiú mar Oibreoir Córais Tarchuir (TSO) neamhspleách, i gcomhréir le ceanglais Threoir an AE maidir le Leictreachas agus tháinig sé chun bheith feidhmiúil mar TSO an 1 Iúil 2006. |
| **Ervia** | Comhlacht leathstáit tráchtála é Ervia atá freagrach as bonneagar agus líonraí náisiúnta an gháis agus an uisce in Éirinn. D’athraigh ainm Bhord Gáis Éireann go Ervia an 20 Meitheamh 2014 mar choinníoll de dhíolachán Bhord Gáis Energy.  Cuireadh an díolachán i gcrích an 30 Meitheamh 2014. |
| **An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh** | Tá an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER) freagrach as gnóthais fuinnimh a cheadúnú agus a údarú, as sláine soláthairtí leictreachais agus gáis a chinntiú, as rialáil a dhéanamh ar tharaifí áirithe agus as forbairt a dhéanamh ar mhargaí náisiúnta agus réigiúnacha gáis agus leictreachais i gcomhréir lena fheidhmeanna reachtúla agus le ceanglais náisiúnta agus ceanglais AE. Tá an CER freagrach freisin as rialáil a dhéanamh ar shábháilteacht gníomhaíochtaí réamhtheachtacha taiscéalaíochta agus astarraingthe peitriliam. |

| COMHLACHT | PRÍOMHRÓL |
|---|---|
| **Corparáid Náisiúnta Pheitriliam na hÉireann (INPC)** | Níl aon toilleadh oibríochtúil/fostaithe ag INPC ó díoladh a gnó agus sócmhainní tráchtála (Scaglann an Gheata Bháin agus críochfort stórála Bheanntraí) i mí Iúil 2001. Baineann a gníomhaíochtaí reatha lena cearta agus lena hoibleagáidí faoin gComhaontú Díolacháin agus Ceannaigh a bhaineann leis an idirbheart ó 2001 agus leo sin amháin. |
| **Bord na Móna plc.** | Soláthraíonn Bord na Móna táirgí agus seirbhísí atá bunaithe go príomha ar mhóin. Soláthraíonn an Chuideachta táirgí agus seirbhísí eile in earnálacha gnó an chomhshaoil, an fhuinnimh in-athnuaite, na giniúna leictreachais agus an bhainistithe dramhaíola. I mí an Mheithimh 2014, shocraigh an Rialtas oibríochtaí tráchtála Bhord na Móna agus Choillte a chuíchóiriú agus iad a athdhíriú ar na hearnálacha bithfhuinnimh agus fuinneamh gaoithe go príomha. Dá bharr sin ní mór do Bhord na Móna agus do Choillte tabhairt faoi pháirtchumasc i gceithre phríomhréimse: gaoth; bithmhais; turasóireacht agus áineas; agus seirbhísí roinnte. |
| **An Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta** | Cothaíonn sí stoic straitéiseacha ola de réir oibleagáidí stórála ola an Stáit leis an AE agus leis an nGníomhaireacht Fuinnimh Idirnáisiúnta (IEA), agus riarann sí Scéim Oibleagáidí Bithbhreoslaí na hÉireann. |
| **Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann** | Rinneadh Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), ar a dtugtaí SEI, a bhunú sa bhliain 2002 chun forbairt fuinnimh inbhuanaithe a chur chun cinn agus cabhair a thabhairt maidir le forbairt fuinnimh inbhuanaithe. |
| **ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA** | |
| **Iascach Intíre Éireann** | Tá Iascach Intíre Éireann freagrach as an acmhainn iascaigh intíre agus slatiascaireacht mhara, ar fud na tíre, a chosaint, a bhainistiú agus a chaomhnú. |

| COMHLACHT | PRÍOMHRÓL |
|---|---|
| **Gníomhaireacht Lochanna an Fheabhail agus Chairlinn agus Coimisiún Soilse na hÉireann** | Is Comhlacht Thuaidh Theas í an Ghníomhaireacht a bunaíodh faoin Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999 agus tá sí freagrach as na nithe seo a leanas:<br>(a) forbairt Loch Feabhail agus Loch Cairlinn a chur chun cinn chun críocha tráchtála agus áineasa i leith nithe a bhaineann leis an muir, le hiascach agus le dobharshaothrú;<br>(b) iascach intíre a bhainistiú, a chaomhnú agus a chosaint, a fheabhsú agus a fhorbairt;<br>(c) dobharshaothrú a fhorbairt agus a cheadúnú; agus<br>(d) turasóireacht mhara a fhorbairt. |
| **An Bord Mianadóireachta** | Bord neamhspleách a bunaíodh faoin Acht Forbairte Mianraí 1940, agus é mar fheidhm aige cúiteamh a chinneadh i gcásanna éagsúla. Tá sé de chúram air freisin a chinneadh cé na mianraí a nglacfar leo i gcomhréir le ceart eisiach an Stáit chun mianraí a oibriú faoin Acht sin. |
| **Suirbhéireacht Ordanáis Éireann** | Soláthraíonn Suirbhéireacht Ordanáis Éireann seirbhísí léarscáilithe d’ardchaighdeán agus faisnéis gheografach ar bhonn náisiúnta. |

# Aguisín F: Comhlachtaí Stát-tionscanta Tráchtála

Ní áirítear cuntais na gComhlachtaí Stát-tionscanta faoina cúram ar chuntais na Roinne. Mar sin féin, bhí an tAire, agus dá bhrí sin an Roinn, freagrach in 2014 thar ceann an Stáit as sé Chomhlacht tráchtála Stát-tionscanta tá sonraí airgeadais i ndáil leis na Comhlachtaí seo ar fáil ar na suíomhanna gréasáin seo a leanas.

www.anpost.ie

www.esb.ie

www.ervia.ie

www.bordnamona.ie

www.rte.ie

www.eirgrid.com

# Aguisín G: Innéacs na nAcrainmneacha

| | |
|---|---|
| AE | An tAontas Eorpach |
| AVMS | Seirbhísí na Meán Closamhairc |
| BGÉ | Bord Gáis Éireann |
| BSL | Bord Soláthair an Leictreachais |
| CACM | Leithdháileadh Cumais agus Bainistíocht Plódaithe |
| CER | An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh |
| COMREG | An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide |
| DCENR | An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha |
| DHDA | An Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach |
| DPER | An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe |
| EODP | Clár For-rochtana agus Forbartha Oideachais |
| EPA | An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil |
| EuroDIG | Plé Eorpach ar Rialachas an Idirlín |
| FCILC | Gníomhaireacht Lochanna an Fheabhail agus Chairlinn agus Coimisiún Soilse na hÉireann |
| GAC | Coiste Comhairleach Rialtais |
| GPO | Ard-Oifig an Phoist |
| GSI | Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann |
| HLIG | An Grúpa Ardleibhéil ar Rialachas an Idirlín de chuid Choimisiún na hEorpa |
| IANA | An tÚdarás um Uimhreacha Sannta Idirlín |
| ICANN | An Chorparáid Idirlín d'Ainmneacha agus d'Uimhreacha Santa |
| ICGAG | An Grúpa Comhairleach ar Rialú Ábhair Idirlín |
| iCRAG | Lárionad na hÉireann do Thaighde i nGeo-eolaíochtaí Feidhmeacha |
| IEA | An Ghníomhaireacht Fuinnimh Idirnáisiúnta |
| IGF | Fóram Rialachas an Idirlín |
| INFOMAR | An Tionscadal Náisiúnta um Léarscáiliú Ghrinneall na Farraige |
| INPC | Corparáid Náisiúnta Pheitriliam na hÉireann |
| I.R. | Ionstraim Reachtúil |
| I-SEM | An Tionscadal Margadh Leictreachais Aonair Comhtháite |
| JRP | Clár Comhthaighde |
| MANs | Gréasáin Cheantar Cathrach |
| Mbps | Meigighiotáin sa soicind |
| MW | Meigeavata |
| NBS | An Scéim Náisiúnta Leathanbhanda |
| NCSC | An Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála |
| NDRC | An Lárionad Náisiúnta Taighde Dhigitigh |
| NGA | An Chéad Ghlúin eile de Rochtain |
| NIEA | Gníomhaireacht Comhshaoil Thuaisceart Éireann |
| OREDP | Plean Forbartha d'Fhuinneamh In-Athnuaite Amach ón gCósta |
| PCI | Tionscadail Leasa Choitinn |
| REFIT | Taraif Chothaithe Fuinnimh In-Athnuaite |

| | |
|---|---|
| RTÉ | Raidió Teilifís Éireann |
| SEAI | Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann |
| SEM | Margadh Leictreachais Aonair |
| TFC | Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide |
| TSO | Oibreoir Córais Tarchuir |
| ÚCÉ | Údarás Craolacháin na hÉireann |
| UGEE | Taiscéalaíocht agus Astarraingt Neamhghnách Gáis |